

An Coimisiún um Rialáil Eitilíochta

Commission for Aviation Regulation

IAA
IRISH AVIATION AUTHORITY
ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

## AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA



# Clár Ábhair


Réamhrá ... 3

**1. Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta ... 4**

- 1.1. Rialáil Eacnamaíoch ... 4
- 1.2. Ceadúnú agus Ceaduithe ... 4
- 1.3. Cosaint Tomhaltóirí ... 5

**2. Rialáil Eacnamaíoch ... 6**

- 2.1. Téarnamh an Tionscail Eitlíochta ó Thionchar COVID-19 ... 6
- 2.2. An Plean Straitéiseach a Chur i bhFeidhm ... 6
- 2.3. Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ... 7
- 2.4. Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara sa phróiseas Cinnteoireachta a threisiú ... 8
- 2.5. Iomaíocht a Chur Chun Cinn agus Iontráil Nua a Éascú ... 8
- 2.6. Muirearú agus Feidhmíocht Seirbhísí Aerloingseoireachta faoi na Rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair ... 8
- 2.7. Rialúchán a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr ... 8
- 2.8. Ag Féachaint Chun Cinn ... 9

**3. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh ... 10**

- 3.1. Ceadúnú d'Aeriompróirí ... 10
- 3.2. Diosca Ceadúnais Aeriompróra ... 11
- 3.3. Córas Éifeachtúil Ceadúnaithe a Oibriú ... 11
- 3.4. Athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 (Rialachán Aersheirbhísí) ... 12
- 3.5. Comhoibriú ... 12
- 3.6. Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh ... 13
- 3.7. Próiseas Éifeachtach Ceadaithe a Oibriú ... 13
- 3.8. Ag obair le hAerfoirt ... 14
- 3.9. Dréacht-Rialachán an AE maidir le Láimhseáil ar an Talamh ... 14

**4. Ceadúnú do Thrádáil Taistil ... 15**

- 4.1. Ceadúnú agus Bannú ... 15
- 4.2. Aonáin atá Bunaithe i mBallstát eile ... 16
- 4.3. Aonáin atá bunaithe Taobh Amuigh den Aontas Eorpach ... 16
- 4.4. Socruithe Taistil Gaolmhara á n-éascú ag Trádálaithe ... 16
- 4.5. Monatóireacht Airgeadais ... 16
- 4.6. Cosaint Tomhaltóirí ... 17
- 4.7. Ag Féachaint Chun Cinn ... 17

**5. Cearta Aerphaisinéirí ........ 18**
5.1. Cealuithe, Moilleanna, Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord agus Íosghrádaithe ........ 19
5.2. Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta ........ 19

**6. Seirbhísí Corparáideacha ........ 20**
6.1. Acmhainní Daonna ........ 20
6.2. Scéimeanna Aoisliúntais ........ 20
6.3. Sláinte agus Sábháilteacht ........ 20
6.4. Seachfhoinsiú agus Soláthar ........ 20
6.5. TFC ........ 21
6.6. Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ........ 21
6.7. Saoráidí ........ 21
6.8. Éagsúlacht agus Comhionannas ........ 22
6.9. Cosaint Sonraí ........ 22
6.10. Rialachas Corparáideach ........ 22
6.11. Trédhearcacht ........ 24
6.12. Athchóiriú Rialála ........ 24

**7. Faisnéis Airgeadais ........ 25**
7.1. Ráiteas ar Chóras Rialuithe Inmheánacha ........ 25
7.2. Iniúchóireacht Inmheánach ........ 26
7.3. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ........ 26
7.4. Íocaíocht Phras na gCuntas ........ 26
7.5. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain ag Tríú Páirtithe ar Shócmhainní ........ 26
7.6. Luacháil Infheistíochta ........ 26
7.7. Comhlíonadh Cánach ........ 27
7.8. Tobhach ........ 27
7.9. Ráitis Airgeadais ........ 27

# Réamhrá


Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil deiridh an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta do 2023 arna hullmhú de réir alt 116 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, a chur i láthair tar éis feidhmeanna an Choimisiúin a aistriú chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann agus a Dhíscaoileadh an 1 Bealtaine 2023. Déanann an Tuarascáil achoimre ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin le linn na tréimhse ó Eanáir go hAibreán 2023 le tagairt don réimse feidhmeanna in éineacht le clár oibre don bhliain amach romhainn agus cuirtear sliocht ó dhréacht-Ráitis Airgeadais an Choimisiúin don tréimhse dar críoch 30 Aibreán 2023 i láthair inti.

Tá an bhainistíocht shinsearach i gceannas ar an gCoimisiún tríd an gclár athstruchtúraithe inar cumascadh feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta le feidhmeanna rialála sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann sular díscaoileadh é. Aistríodh feidhmeanna reatha bainistíochta aerthráchta Údarás Eitlíochta na hÉireann chuig comhlacht nua fo-stáit – Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann. Achtaíodh an reachtaíocht lena bhforáiltear don athstruchtúrú seo, an tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, ar an 07 Nollaig 2022 agus tháinig Orduithe Lá Dílseacháin agus Lá Díscaoilte a rinneadh faoin Acht i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2023.

Ag dréim le lá díscaoilte Bhealtaine 2023, chuir an Coimisiún cuid mhaith acmhainní ar fáil chun clár athchóirithe seo an rialtais a chur i bhfeidhm le linn 2022 agus 2023. I gcomhthéacs an chumaisc, d'oibrigh thart ar aon trian d'fhoireann an Choimisiúin ar phríomhthionscadail éagsúla chun cur i bhfeidhm scaradh Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann ó Údarás Eitlíochta na hÉireann a éascú. Mar a tharla in 2022, caitheadh méid suntasach ama bainistíochta sinsearaí ar bheith ag obair tríd an iliomad saincheisteanna riaracháin, fostaíochta, airgeadais, dlíthiúla, agus praiticiúla a dteastaíonn réiteach uathu sula dtabharfaí an próiseas seo chun críche.

Ní bheadh sé indéanta ag an gCoimisiún a chuspóirí reachtúla a bhaint amach go leanúnach agus a shainchúram a chomhlíonadh gan cumas, díograis agus tiomantas a fhoirne. Ba mhaith buíochas a ghabháil leo as a gcuid iarrachta agus as an méid atá déanta acu le bliain anuas. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar scála agus raon feidhme na hoibre a rinne siad le 4 mhí anuas i réimsí feidhme éagsúla shainchúram an Choimisiúin.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Eamonn Ryan, T.D., agus an tAire Stáit, Jack Chambers, T.D., agus oifigí na Roinne Iompair as a gcuid cúnaimh agus tacaíochta leanúnaí don Choimisiún agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann as a gcuid cúnaimh agus tacaíochta don Choimisiún agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, sna réimsí ina mbíonn comhcheangal idir ár gcuid oibre agus go háirithe i dtaca leis an tionscadal athstruchtúraithe, a bhfuil cur síos déanta air thuas, a chur chun cinn.



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

# 1. Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta

Bunaíodh an Coimisiún mar rialtóir neamhspleách eacnamaíoch na hÉireann ar an earnáil eitlíochta in 2001. Déantar cur síos ar fhreagrachtaí an Choimisiúin thíos.

## 1.1. RIALÁIL EACNAMAÍOCH

- Caidhp phraghais a chuireann teorainn leis an méid ioncaim ar féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) a bhailiú in aghaidh an phaisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.
- Comhlíonadh na Treorach Eorpaí um Muirir Aerfoirt (2009/12/CE), ina leagtar amach na híoschaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú i straitéis mhuirir aerfoirt, a chinntiú.
- Na muirir a thoibhíonn aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí a mhaoiniú do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta a cheadú, de réir mar is gá.
- Táillí a ghearrann údaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne maidir le rochtain a fháil ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar a cheadú.
- Stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoin Rialachán Leithroinnte Sliotán a shonrú, ag ceapadh éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal nuair is gá. Na paraiméadair chomhordaithe d'aerfoirt Chomhordaithe a fhógairt- faoi láthair, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath comhordaithe agus tá na haerfoirt Éireannacha eile Neamhchomhordaithe.
- Is é an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta é an Coimisiún le rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair.

## 1.2. CEADÚNÚ AGUS CEADUITHE

- Ceadúnú a thabhairt d'aeriompróirí bunaithe in Éirinn a iompraíonn paisinéirí, post nó lastas ar íocaíocht agus/nó ar cíos.
- Gnólachtaí a cuireadh ar bun in Éirinn agus taobh amuigh den AE agus a dhíolann nó a chuireann ar díol pacáistí nó socruithe taistil gaolmhara san AE/in Éirinn faoi seach a rialú.
- Ceadúnú a thabhairt do ghníomhairí taistil atá bunaithe in Éirinn agus do thionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear.
- Scéim bannaithe do ghníomhairí ceadúnaithe taistil agus tionscnóirí ceadúnaithe turais a riar agus éilimh a phróiseáil má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas as gnó.
- Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhanta agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.
- Faomhadh a dheonú do chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## 1.3. COSAINT TOMHALTÓIRÍ

Tá ról cosanta tomhaltóirí ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta a bhaineann leis an bpobal taistil. Déantar ról an Choimisiúin maidir le cosaint tomhaltóirí a sheachadadh trí na nithe seo a leanas:

- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus cearta aerphaisinéirí a fhorfheidhmiú maidir le cealuithe, moilleanna agus cásanna ina ndiúltaítear le cead bordála nó íosghrádú.
- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus forfheidhmiú cearta aerphaisinéirí a fhaigheann paisinéirí faoi mhíchumas luaineachta.
- Forfheidhmiú Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 lena gcuirtear ceanglais ar aerlínte gach gné intuartha de tháille aeir a chur faoi bhráid an phobail.
- Ceadúnú agus nascadh gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas agus bearta cosanta tomhaltóirí a bhainistiú do thomhaltóirí a dhéanann áirithint trí eagraithe saoire pacáiste ceadúnaithe nó trí thionscnóirí turas.
- Ionchur an Bheartais um Chosaint Tomhaltóirí trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara Eorpacha agus idirnáisiúnta.




# 2. Rialáil Eacnamaíoch

Tá an fhoireann Rialála Eacnamaíochta freagrach as rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na hÉireann, as comhordú agus acmhainn sliotán aerfoirt, agus as táillí a cheadú a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí faoi mhíchumas luaineachta.

## 2.1. TÉARNAMH AN TIONSCAIL EITLÍOCHTA Ó THIONCHAR COVID-19

I mí na Nollag 2022, thuaramar go mbeadh leibhéil paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag 31.7 milliún in 2023 (96% de leibhéal 2019), agus táthar ag súil le tuilleadh fáis sna blianta ina dhiaidh sin.




Cairt 1: Líon Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2022 i gcomparáid le 2019

Go luath in 2023, lean an téarnamh géar ar líon na bpaisinéirí, agus an trácht i R1 ag 102% de leibhéal 2019.

## 2.2. AN PLEAN STRAITÉISEACH A CHUR I BHFEIDHM

Is é príomhchuspóir straitéiseach na rannóige eacnamaíche ná seirbhísí aerfoirt agus seirbhísí aerloingseoireachta atá éifeachtúil, ar ardchaighdeán agus feasach ar an tsábháilteacht a dhreasú. Cuid lárnach den sprioc sin a bhaint amach ná ceithre chuspóir atá leagtha amach sa chairt thíos.

Cairt 2: Cuspóirí Straitéiseacha

| Sprioc Eacnamaíochta<br>Éifeachtúlacht, seirbhísí aerfoirt atá ar ardchaighdeán agus comhfhiosach faoin tsábháilteacht | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir 1** | **Cuspóir 2** | **Cuspóir 3** | **Cuspóir 4** | **Cuspóir 2 an Choimisiúin** |
| Muirir éifeachtúlachta a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú. | Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú. | Spriocanna éifeachtúlachta costais na bPleananna Feidhmíochta a mheas faoin Scéim le haghaidh Aerspás Eorpach Aonair. | Dul i gcomhairle go héifeachtúil le páirtithe leasmhara agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaint amach. |

Tugtar achoimre sna hailt seo a leanas ar an obair a rinneamar ó Eanáir go hAibreán 2023, agus an t-eolas leagtha amach de réir gach cuspóir ar leith. Tá an fhreagracht as leanúint leis an obair atá beartaithe do 2023 aistrithe anois chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## 2.3. MUIRIR ÉIFEACHTÚLA A SHOCRÚ AG AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH

### 2.3.1. Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le Muirir Aerfoirt do 2023-2026

I mí na Nollag 2022, d'fhoilsíomar an Cinneadh Deiridh maidir le huasleibhéal na Muirear Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath do 2023-2026. Thug Aerfort Bhaile Átha Cliath le fios i mí an Mhárta go ndéanfadh sé achomharc in aghaidh an chinnidh. Beidh baint againn leis an bpróiseas achomhairc, a bhfuil freagracht as aistrithe anois chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann. Go dtí go bhfaighfear toradh an phróisis achomhairc, fanann uasleibhéil na Muirear Aerfoirt de réir mar a chinneamar i mí na Nollag.

### 2.3.2. Comhairliúchán maidir le Muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tar éis dúinn an t-uasleibhéal Muirear Aerfoirt do 2023 a fhoilsiú, reáchtáil Aerfort Bhaile Átha Cliath an comhairliúchán bliantúil le húsáideoirí aerfoirt maidir leis na muirir aerfoirt aonair a bheadh i bhfeidhm, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Muirir Aerfoirt. Tar éis don phróiseas comhairliúcháin teacht chun críche, a chomhlíonamar, tháinig na muirir athbhreithnithe i bhfeidhm ó thús shéasúr an tsamhraidh.

### 2.3.3. Lacáistí ar Cháilíocht na Seirbhíse

I mí Feabhra, d'fhoilsíomar an uasteorainn praghais deiridh do 2022, lena n-áirítear lacáistí ar Chaighdeán na Seirbhíse (CS). Níor chomhlíon Aerfort Bhaile Átha Cliath na caighdeáin CS maidir le hamanna scuaine slándála ar laethanta iomadúla in 2022. I gcás ráithe 1 de 2022, ghlac an Coimisiún leis go raibh imthosca maolaitheacha ann a bhain le héifeachtaí athraitheach Omicron COVID-19 ar an ráta neamhláithreachta breoiteachta san Aonad Cuardaigh Aerfoirt. Mar sin féin, ba leor fós líon na laethanta nár comhlíonadh na caighdeáin i ráithe 2 agus i ráithe 3 in 2022, gan imthosca maolaitheacha, chun an lacáiste uasta is féidir a ghiniúint i ndáil le 2022. Dá bhrí sin, laghdaíodh an uasteorainn praghais do 2022 faoi €0.11. I bhfianaise líon na bpaisinéirí don bhliain arbh ionann, 28.1m, is ionann sin agus laghdú ioncaim de thart ar €3.1m.

## 2.4. RANNPHÁIRTÍOCHT PHÁIRTITHE LEASMHARA SA PHRÓISEAS CINNTEOIREACHTA A THREISIÚ

### 2.4.1. Próiseas StageGate le haghaidh Tionscadail Infheistíochta Caipitiúla a chur i bhfeidhm

I gCinneadh 2019, thugamar isteach próiseas nua, ar a dtugtar StageGate, le haghaidh tionscadail caiteachais chaipitiúil ar scála mór. Fágann próiseas StageGate gur féidir níos mó solúbthachta a bheith i gceist leis an raon feidhme agus costas a bhaineann le tionscadail mhóra caiteachais chaipitiúil i rith na tréimhse rialála. Déanann Aerfort Bhaile Átha Cliath, úsáideoirí an aerfoirt, an Coimisiún agus Suirbhéir Neamhspleách Cistí (SNC) costas forbartha tionscadal a mheasúnú, rud a imríonn tionchar sa deireadh ansin ar an liúntas deiridh in aghaidh costais don tionscadal.

Ritheann an próiseas gach ráithe. Reáchtáladh an chéad timthriall ráithiúil do 2023 in ionad ó mhí Feabhra go mí Aibreáin, le béim ar thionscadail feabhsúcháin bealaí innealta gar do chéanna 1 agus 4.

## 2.5. IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN AGUS IONTRÁIL NUA A ÉASCÚ

### 2.5.1. Acmhainn Sliotán Aerfort Bhaile Átha Cliath do Gheimhreadh 2023/2024

In 2023, tar éis comhairliúcháin, d'fhoilsigh an Coimisiún a dhearbhú acmhainne do Gheimhreadh 2023/2024 i gcomhréir le féilire an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta le haghaidh comhordú sliotán.

### 2.5.2. Smachtbhannaí i leith Mí-Úsáid Sliotán

Eisíodh roinnt rabhadh, ach níor eisíodh aon smachtbhannaí airgeadais, sa tréimhse ó Eanáir go hAibreán 2023.

## 2.6. MUIREARÚ AGUS FEIDHMÍOCHT SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA FAOI NA RIALACHÁIN MAIDIR LE HAERSPÁS EORPACH AONAIR

### 2.6.1. Monatóireacht agus Tuairisciú Capex

In 2022, tar éis dúinn Plean Feidhmíochta na hÉireann do 2020-2024 a chur isteach, thosaíomar ag foilsiú nuashonruithe ar an dul chun cinn a rinne Soláthróir Seirbhísí Aerloingseoireachta Údarás Eitlíochta na hÉireann (Aerloingseoireacht Éireann, ANI anois) chun a chlár Capex a sheachadadh. Foilsímid nuashonruithe ar na hamlínte chun tionscadail ANI Capex a sheachadadh go leathbhliantúil, agus foilseoimid tuarascálacha costais ar thionscadail mhóra Capex agus ar ghrúpaí móra Capex gach bliain. Foilsíodh an nuashonrú is déanaí i mí Aibreáin 2023.

## 2.7. RIALÚCHÁN A LÉIRÍONN AN DEA-CHLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA IS FEARR

### 2.7.1. Páirt Ghníomhach a Ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa

Bhíomar mar chuid den fhoireann scríbhneoireachta do dhá pháipéar de chuid Fhóram Thessaloniki i mbliana. Tá sé mar aidhm ag an gcéad pháipéar cumhachtaí na n-údarás maoirseachta neamhspleách ("ÚMNanna") atá riachtanach chun na feidhmeanna agus na cuspóirí maoirseachta eacnamaíocha faoin Treoir maidir le Muirir Aerfoirt ("TMA") a mhapáil, cur síos a dhéanamh orthu agus comhairle a thabhairt ina leith. Scrúdaíonn an dara páipéar modhnú agus infheistíochtaí comhshaoil. Nuashonrú a bheidh sa pháipéar seo ar pháipéar 2021 "Muirir Aerfoirt agus saincheisteanna agus breithnithe Comhshaoil"; scrúdóidh sé cásanna nua reachtaíochta comhshaoil nó modhnúcháin.

Táimid mar chathaoirleach ar an bhfoireann scríbhneoireachta don dara páipéar. Ó mhí Eanáir go mí Aibreáin 2023, leanamar orainn ag obair ar na páipéir seo lenár gcomhghleacaithe ó rialtóirí Eorpacha eile, chomh maith le ceardlann a reáchtáil le hionadaithe tionscail.

## 2.8. AG FÉACHAINT CHUN CINN

Mar Údarás Eitlíochta na hÉireann, tá tús curtha leis an obair ar ár bPlean Feidhmíochta RP4, a bhfuil i gceist é a fhoilsiú i dtreo dheireadh 2024. Táthar ag súil go mbeidh ár bpríomhtháirge insoláthartha sa réimse seo do 2023 ina pháipéar buncheisteanna ina leagtar amach ár dtuairimí tosaigh agus ina lorgófar aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar phríomhcheisteanna.

Leanfaimid orainn ag plé leis an bpróiseas achomhairc atá tosaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le huasleibhéal Muirear Aerfoirt Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ar deireadh, leanfaimid leis an obair ar an dá pháipéar de chuid Fhóram Thessaloniki ar cuireadh tús leo in 2022. Táthar ag súil go nglacfaidh an Fóram leo sin faoi dheireadh 2023.



# 3. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh

Is é an Coimisiún a dhéanann na córais cheadúnaithe agus fhaofa a riar in Éirinn d'aeriompróirí agus do láimhseálaithe ar an talamh. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar ghníomhaíocht cheadúnaithe agus fhaofa le linn na tréimhse ó Eanáir 2022- Aibreán 2023. I gcaitheamh na tréimhse, rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnais agus faofa maidir le comhlíonadh na gcóras reachtaíochta a rialaíonn na hearnálacha sin.

Tábla: Líon na gCeadúnas agus na gCeaduithe, Eanáir 2022-Aibreán 2023

| | Aeriompróirí (Ceadúnas Oibriúcháin) | Láimhseálaithe ar an Talamh (Ceaduithe) | |
|---|---|---|---|
| | | Aerlínte Féinseirbhíse | Soláthraithe Tríú Páirtí |
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2022 | 15 | 9 | 37 |
| Ceadúnais/Ceaduithe nua | 0 | 1 | 4 |
| Ceadúnais a cúlghaireadh/ a tugadh suas | 1 | 2 | 4 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 30 Aibreán 2023 | 14 | 8 | 37 |

## 3.1. CEADÚNÚ D'AERIOMPRÓIRÍ




Ag deireadh mhí Aibreáin 2023, bhí 14 aeriompróir atá bunaithe in Éirinn ceadúnaithe ag an gCoimisiún le dul i mbun oibríochtaí tráchtála aeriompair. Níor eisíodh aon cheadúnais oibriúcháin nua le linn na tréimhse.

Bhí iarratas amháin ar cheadúnas oibriúcháin a fuarthas le linn na ráithe deiridh de 2020 fós idir lámha ag deireadh mhí Aibreáin 2023. Tá liosta iomlán suas chun dáta de shealbhóirí ceadúnais oibriúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Le linn na bliana, rinneadh monatóireacht rialta ar na sealbhóirí ceadúnais go léir lena chinntiú gur comhlíonadh an reachtaíocht ábhartha maidir le ceadúnú a bhaineann le hoiriúnacht airgeadais, clúdach árachais, agus sealbhú agus rialú. Rinneamar monatóireacht leanúnach dhlúth ar staid airgeadais aeriompróirí, go háirithe iad siúd a raibh staid airgeadais níos laige ag baint leo, trí shonraí airgeadais a chur isteach níos minice agus le cruinnithe rialta.

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain i ndiaidh iad a dheonú ar dtús. Le linn na tréimhse, rinneadh athbhreithniú amháin den sórt sin. Níl aon athruithe ar an gceadúnas ábhartha.

Chun bealach inaitheanta soiléir a chur ar fáil lena dheimhniú go bhfuil oibreoir ceadúnaithe, eisíodh dioscaí ceadúnais d'oibreoirí aerárthaí beaga agus oibreoirí héileacaptar lena gcur ar taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthaí ceadúnaithe mar atá liostaithe ar a nDeimhniú Aeroibreora, arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## 3.2. DIOSCA CEADÚNAIS AERIOMPRÓRA

I rith na tréimhse, fuaireamar ocht n-iarratas ó aeriompróirí Éireannacha a rinneadh faoi Alt 8 (5) den Rialachán Ceadúnaithe, alt a éilíonn go gcuirfí in iúl roimh ré don Choimisiún aon athruithe suntasacha ar scála a ngníomhaíochtaí nó aon chumasc/éadáil atá beartaithe, nó aon athrú ar úinéireacht agus smacht. Caithfidh an t-aeriompróir na hathruithe a leagan amach go cruinn agus go beacht agus, anuas air sin, féadfaidh an Coimisiún a cheangal go gcuirfí plean athbhreithnithe gnó isteach má mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá á bhfógairt ar chúrsaí airgeadais aeriompróra. Sa chás go mbaineann na hathruithe le haerárthaí nua a oibriú, is gá don Choimisiún sonraí árachais a scrúdú chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na riachtanais chuí, chomh maith le sonraí an mhodha éadála (m.sh., ceannach/léasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh. Ag deireadh mhí Aibreáin 2023, bhí ceann de na haighneachtaí sin, a fuarthas sa ráithe dheireanach de 2022, fós á breithniú.

Léirítear sa tábla thíos achoimre ar an líon aighneachtaí a fuarthas faoin Airteagal seo ó Eanáir 2022-Aibreán 2023 de réir an chineáil fógra:

Tábla: Aighneachtaí faoi Airteagal 8 (5) Eanáir 2022-Aibreán 2023

| Cineál Fógra faoi Airteagal 8 (5) | Líon na n-aighneachtaí Eanáir 2022-Aibreán 2023 |
|---|---|
| Roimh aon athruithe suntasacha ar an scála gníomhaíochtaí (lena n-áirítear athruithe ar chineál nó líon na n-aerárthach a úsáidtear). | 5 |
| Roimh aon chumaisc nó éadálacha atá beartaithe. | 0 |
| Athrú úinéireachta agus rialaithe. | 1 |

## 3.3. CÓRAS ÉIFEACHTÚIL CEADÚNAITHE A OIBRIÚ

I gcomhréir lenár spriocanna agus lenár gcuspóirí straitéiseacha chun córas ceadúnaithe éifeachtúil a oibriú, chuireamar tús le cleachtadh i mí na Samhna 2022 chun ár gcomhaid a nuashonrú i ndáil le comhlíonadh leanúnach aeriompróirí na hÉireann leis na ceanglais dea-chlú faoi Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 agus freisin i ndáil le comhlíonadh ceanglais ábhartha faoin Rialachán maidir le haerárthaí a fháil.

In Eanáir 2023, d'eisíomar ár bhféilire comhlíonta do shealbhóirí ceadúnais, féilire a tharraingíonn aird ar na dátaí comhlíonta is tábhachtaí le linn na bliana, chun cabhrú leo leis na riachtanais éagsúla faisnéise a thiocfaidh chun cinn in 2023. Tá achoimre san fhéilire comhlíonta ar na riachtanais mhonatóireachta agus chomhlíonta uile a thiocfaidh chun cinn agus eolas faoin bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil léi maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, cuirtear liosta ar fáil de na himeachtaí a mbíonn cead an Choimisiúin ag teastáil roimh ré ina leith nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre

faisnéise freisin ainm teagmhálaí a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

## 3.4. ATHBHREITHNIÚ AR RIALACHÁN (CE) UIMH. 1008/2008 (RIALACHÁN AERSHEIRBHÍSÍ)

Le linn na tréimhse Eanáir 2022-Aibreán 2023, leanamar orainn ag déanamh monatóireachta ar Athbhreithniú an CE ar an Rialachán Aershheirbhísí. Chuireamar ranníocaíochtaí ar fáil, de réir mar is cuí, don Roinn Iompair mar fhreagra ar chomhairliúchán poiblí a sheol an CE chun tacú leis an bpíosa oibre seo agus rinneamar teagmháil dhíreach le hArd-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (DG MOVE) maidir le bearta a d'fhéadfaí a bhreithniú i gcomhthéacs an athbhreithnithe. Ina theannta sin, chuamar i dteagmháil freisin le comhairleoirí a cheap an CE maidir leis an athbhreithniú seo. Leanfaimid ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí sa réimse seo agus rannchuideoidh sé de réir mar is iomchuí.

## 3.5. COMHOIBRIÚ

Le linn na tréimhse, bhí roinnt cruinnithe/díospóireachtaí againn lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile maidir le nithe a éiríonn faoi Rialachán (CE) 1008/2008, go háirithe mar a bhaineann le haeriompróirí atá mar pháirt de struchtúir Ghrúpa agus a bhfuil roinnt ceadúnais oibríochta eile acu ar fud an AE.


Tá sé i gceist againn deiseanna ar bith le haghaidh comhoibriú níos dlúithe a shainaithint lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile lenár ról monatóireachta a láidriú sa réimse sin.



## 3.6. CEADUITHE UM LÁIMHSEÁIL AR AN TALAMH

Ag deireadh Aibreán 2023, bhí 8 bhféinláimhseálaí ceadaithe (i.e. nuair a roghnaíonn an aerlíne go gcuirfidh sí seirbhísí láimhseála ar an talamh ar fáil di féin) agus 37 soláthraí ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh nó láimhseálaithe ceadaithe tríú páirtí ann (i.e. cuideachta atá i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil, cibé acu an mar aerlíne nó mar chuideachta thiomanta láimhseála ar an talamh é sin). As na láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe, tá 3 cinn díobh sin ceadaithe chomh maith chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Tá liosta iomlán suas chun dáta de na sealbhóirí ceada ar shuíomh gréasáin Údarás Eitlíochta na hÉireann. Léirítear sa chairt thíos anailís ar líon na láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe agus soláthraithe na seirbhísí láimhseála ar an talamh de réir aerfoirt.

Cairt: Láimhseálaithe ceadaithe de réir cineáil agus Aerfoirt Eanáir 2022-Aibreán 2023




Bhí iarratas amháin fós á bhreithniú ag deireadh mhí Aibreáin 2023 ag fanacht ar dhoiciméadú breise ón gcuideachta a rinne an t-iarratas.

Eisítear ceadanna ar feadh tréimhse cúig bliana. Rinneamar athnuachan ar chúig fhaomhadh le linn na tréimhse Eanáir 2022- Aibreán 2023 tar éis an próiseas athnuachana a chur i gcrích go rathúil, bhí gach ceann de na cúig cinn ina gceaduithe láimhseála tríú páirtí.

## 3.7. PRÓISEAS ÉIFEACHTACH CEADAITHE A OIBRIÚ

I rith na tréimhse, cuireadh na sealbhóirí ceadaithe ar fad faoi mhonatóireacht rialta chun comhlíonadh na Rialachán ábhartha maidir le hoiriúnacht airgeadais agus clúdach árachais, go háirithe, a chinntiú.

Go luath in 2023, eisíodh féilire comhlíonta do gach sealbhóir ceadúnaithe ina ndírítear aird ar na dátaí is tábhachtaí le linn na bliana ó thaobh an chomhlíonta de. Bhí achoimre san fhéilire ar na riachtanais mhonatóireachta agus chomhlíonta uile a thiocfaidh chun cinn agus ar an bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil léi maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, tugtar meabhrú ann faoi na himeachtaí a mbíonn ceadú an Choimisiúin ag teastáil roimh ré ina leith nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm teagmhálaí a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

## 3.8. AG OBAIR LE HAERFOIRT

Leanamar ar aghaidh ag obair le haerfoirt chun feabhas a chur ar shocruithe monatóireachta do láimhseálaithe ar an talamh agus ar chomhlíonadh forfheidhmithe na Rialacha Iompair.

Tá sé beartaithe againn leanúint leis an obair thábhachtach sin le haerfoirt le linn 2023.

## 3.9. DRÉACHT-RIALACHÁN AN AE MAIDIR LE LÁIMHSEÁIL AR AN TALAMH

In 2018, tháinig Bunrialachán nua EASA (Rialachán (AE) 2018/1139) i bhfeidhm agus áirítear leis ceanglais maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar go sábháilte. Leanadh den obair a chur chun cinn le linn na tréimhse ag leibhéal EASA maidir le dréacht-Rialachán an Aontais maidir le Láimhseáil ar an Talamh agus rialacha cur chun feidhme amach anseo maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh.

Seoladh comhairliúchán dírithe i mí an Mheithimh 2022 agus, mar chuid de sin, reáchtáil EASA seimineár gréasáin chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir leis an gcéad dréacht de Rialachán an AE maidir le Láimhseáil ar an Talamh a fhorbairt agus chun ceisteanna a ghlacadh. Ghlac an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta páirt sa seimineár gréasáin seo.

I mí Lúnasa 2022, d'fhreastail ionadaí EASA a bhí i gceannas ar an gcúram déanta rialacha don Rialachán nua ar chruinniú den Ghrúpa Oibre um Oibríochtaí Talún ag Údarás Eitlíochta na hÉireann chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir leis an gcéad dréacht de Rialachán an AE maidir le Láimhseáil ar an Talamh a fhorbairt agus chun ceisteanna a ghlacadh ó pháirtithe leasmhara ábhartha. D'fhreastail an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ar an gcruinniú seo agus rinne sé cur i láthair ar leithligh d'ionadaí EASA maidir le ról an Choimisiúin mar an t-údarás inniúil in Éirinn chun críocha Threoir 96/67/CE ón gComhairle maidir le rochtain ar an margadh láimhseála ar an talamh ag Aerfoirt sa Chomhphobal.

Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann an t-údarás inniúil don Bhunrialachán nua. Beidh gá le tuilleadh rannpháirtíochta sa réimse seo de réir mar a théann an obair ar leibhéal EASA ar aghaidh mar go mbeidh sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a suífidh na rialacha cur chun feidhme, a luaithe a fhoilseofar iad, leis an gcóras láimhseála talún atá i bhfeidhm cheana féin in Éirinn agus leis an bpróiseas Ceaduithe atá á riar ag an gCoimisiún faoi láthair. Tá sé i gceist oibriú i dtreo treoirlínte agus próiseas forfheidhmiúcháin a fhorbairt le haghaidh neamhchomhlíonadh amach anseo. Táthar ag súil go n-éascóidh an cumasc An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta-Údarás Eitlíochta na hÉireann atá le teacht tuilleadh rannpháirtíochta agus comhoibrithe maidir leis na saincheisteanna seo.

# 4. Ceadúnú do Thrádáil Taistil

Tá ról cosanta tomhaltóirí ag an gCoimisiún maidir le custaiméirí gníomhairí taistil, tionscnóirí turas agus eagraithe pacáiste i gcás ina dtéann gnólacht as gnó (is é sin, ní féidir leis an soláthraí a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh a thuilleadh). Baineann an Coimisiún é sin amach trí na feidhmeanna seo a leanas a chur i gcrích:

1. Ceadúnais a eisiúint chuig gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gnó acu i dturais thar lear a cheannach agus a dhíol.
2. Scéim bannaithe a riar do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe agus a cheadúnaítear in Éirinn. Is éard is banna ann ná suim airgid a d'fhéadfaí a úsáid chun tomhaltóirí a aisíoc nó a chúiteamh as airgead a íocadh as taisteal thar lear, má théann sealbhóir an cheadúnais as gnó nó chun custaiméirí atá thar lear a aistriú tráth na tubaiste.
3. An Ciste Cosanta Taistealaithe a riar a úsáidtear chun aisíoc nó aistriú a dhéanamh i gcásanna nach leor an banna thuas.
4. Éilimh maidir le haisíocaíochtaí agus aisdúichiú a phróiseáil i gcás nach féidir le gnó rialaithe a chuid dualgais a chomhlíonadh. Baineann sé seo le héilimh faoin scéim bannaithe chomh maith leis an scéim nóta creidmheasa aisíocaíochta a tugadh isteach mar bheart sealadach in 2020. Cuireadh deireadh leis an scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta an 31 Nollaig 2022, rud a chiallaíonn nach féidir aon Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta a eisiúint tar éis an dáta seo. Rachaidh na cinn a eisíodh cheana in éag an 31 Nollaig 2024.
5. Cinntiú go gcomhlíonann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann ar fáil pacáistí agus socraithe taistil cuidithe in Éirinn, go gcomhlíonann siad an ceanglas chun an Coimisiún a chur ar eolas faoi na nósanna imeachta árachais atá i bhfeidhm acu.
6. Cinntiú go gcuireann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann pacáistí agus socraithe taistil cuidithe ar fáil in Éirinn slándáil ar fáil dá ndíolacháin in Éirinn.
7. Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.
8. Foilsítear liosta iomlán de ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe/faoi bhanna lena n-áirítear iad siúd a chuir cumhdach Cosanta Dócmhainneachta ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Eitlíochta na hÉireann chun cabhrú le tomhaltóirí gnólachtaí a sholáthraíonn cosaint den sórt sin a shainaithint.

## 4.1. CEADÚNÚ AGUS BANNÚ

Eisítear ceadúnais do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gnó acu i dturais thar lear a cheannach agus a dhíol. De ghnáth, comhlíonann formhór de dhíolacháin aonáin an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982. I gcásanna a mbíonn díolacháin ag aonán nach ndéanann an sainmhíniú sin a shásamh, ach arb é atá i gceist leo ná taisteal lánáirithe/socruithe taistil gaolmhara faoin Acht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, cuirtear cosaint faoi leith ar an dócmhainneacht ar fáil don Choimisiún.

Bíonn dhá bhabhta cheadúnaithe ann gach bliain, ceann i mí na Bealtaine agus ceann eile i mí na Samhna.

Bhí ceadúnas faighte ag 157 cuideachta taistil ón gCoimisiún faoi dheireadh Aibreán 2023 chun feidhmiú mar ghníomhaire taistil nó mar thionscnóir turas in Éirinn. Bhí idir cheadúnas gníomhaire taistil agus cheadúnas tionscnóra turas ag cuid acu sin mar a léirítear sa tábla thíos.

Tábla 4: Líon Ceadúnas Aibreán 2023

| | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Sealbhóirí ceadúnais, 30 Aibreán 2023 | 146 | 28 | 174 |

## 4.2. AONÁIN ATÁ BUNAITHE I MBALLSTÁT EILE

Deimhníonn an Coimisiún freisin go bhfuil urrús i bhfeidhm do dhá eagraí a bunaíodh i mBallstát eile, rud a chuireann ar a gcumas trádáil in Éirinn. Ós rud é gurb é an Coimisiún pointe lárnach teagmhála na hÉireann faoi Threoir (AE) 2015/2302, tugann sé freagraí ar cheisteanna ó Bhallstáit eile maidir leis an urrús atá ann d'aonáin in Éirinn.

## 4.3. AONÁIN ATÁ BUNAITHE TAOBH AMUIGH DEN AONTAS EORPACH

Ó mhí Aibreáin 2023 ar aghaidh, tá slándáil faighte ag an gCoimisiún ó 15 eagraí a bunaíodh lasmuigh den AE, rud a chuireann ar a gcumas trádáil a dhéanamh in Éirinn. Tá na sonraí ar fad ar shuíomh gréasáin Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## 4.4. SOCRUITHE TAISTIL GAOLMHARA Á N-ÉASCÚ AG TRÁDÁLAITHE

Fuair an Coimisiún urrús ó dhá aerlíne a bunaíodh in Éirinn freisin, a rinne sé a dhearbhú, i dtaca le pacáistí taistil/socruithe taistil gaolmhara a dhíol san AE.

## 4.5. MONATÓIREACHT AIRGEADAIS

Déantar measúnú ar oiriúnacht airgeadais gach gnólachta mar chuid den phróiseas ceadúnaithe agus tá siad faoi réir monatóireacht leanúnach chomh maith.

Déantar monatóireacht leanúnach freisin ar na leibhéil bhannaithe. De réir mar a osclaíodh an margadh in 2022, tá méadú suntasach tugtha faoi deara againn maidir le Réamh-Mheastacháin Láimhdeachais Ceadúnaithe agus measaimid go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh.

Faighimid ráitis bhliantúla airgeadais agus cuntais bhainistíochta ar bhonn ráithiúil nó míosúil.

Maidir le haonáin taobh amuigh den chóras ceadúnaithe, i.e., aonáin a bhunaítear taobh amuigh den AE, déanaimid measúnú ar a n-oiriúnacht airgeadais chomh maith. Tá gnólachtaí mar sin faoi réir ag monatóireacht airgeadais chomh maith, bíodh is go bhfuil sé ag leibhéal níos ísle. Is mar sin atá cúrsaí óir go bhfuil siad ag cur árachas lánslánaíochta ar fáil dá ndíolacháin Éireannacha.

## 4.6. COSAINT TOMHALTÓIRÍ

Faoin reachtaíocht reatha atá ann, tá ceanglas ar ghníomhairí taistil, tionscnóirí turas, miondíoltóirí agus eagraithe socruithe a chur i bhfeidhm a thugann cosaint don phobal atá ag taisteal má bhíonn cliseadh ann.

Caithfidh aonáin cheadúnaithe banna a chur ar fáil. Déantar an banna a ríomh mar chéatadán de láimhdeachas incheadúnaithe tuartha an ghnólachta. Faoi láthair, tá na bannaí socraithe ag 4% do ghníomhairí taistil agus ag 10% do thionscnóirí turas. Maidir le gach cás eile den taisteal lánáirithe nó de shocruithe taistil gaolmhara, nuair is rud é go gcuirtear tús leis an taisteal in aon Bhallstát eile de chuid an AE, cuireann siad urrús breise ar fáil don Choimisiún as na díolacháin mar árachas lánslánaíochta.

Sa chás go dtarlaíonn cliseadh, sa chás nach gclúdaíonn an banna costas na n-éileamh uile, clúdaítear an t-easnamh leis an gCiste Cosanta Taistealaithe. Ní bhaineann sé sin ach le haonáin cheadúnaithe agus ní bhaineann sé ach leis na díolacháin atá acu a shásaíonn an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear faoi mar atá san Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (arna leasú).

Ó mhí Eanáir 2023, chlis ar ghníomhaire taistil amháin, Manasik Tours Limited, agus tá riar na 35 éileamh a fuarthas faoin 28 Aibreán 2023 fós ar siúl.

Is fiú a lua gur dearadh an banna agus an Ciste Cosanta Taistealaithe chun conarthaí taistil thar lear a chlúdach. Dá bharr sin, caithfear gné thaistil a bheith mar chuid den áirithint, agus caithfear imeacht ó Éirinn a bheith i gceist. Ní chlúdaítear a lán seirbhísí nach mbaineann leis an taisteal, árachas taistil, iarratais víosa agus áirithintí lóistín amháin ina measc.

Maidir le trádálaithe atá bunaithe in Éirinn atá ag déanamh éascaíocht ar shocruithe taistil gaolmhara san AE, caithfidh siad árachas lánslánaíochta a chur ar fáil don neamhchosaint sin.

Maidir le haonáin atá bunaithe in áiteanna eile san AE, tá an chosaint tomhaltóra atá ann i gcomhréir leis na riachtanais atá ag an mBallstát sin den AE.

Maidir le haonáin atá bunaithe taobh amuigh den AE, caithfidh siad siúd árachas lánslánaíochta a chur ar fáil don Choimisiún le haghaidh taisteal lánáirithe nó socruithe taistil gaolmhara ar bith atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn.

Chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú i 2017 ar na socruithe maidir le bannú atá i bhfeidhm agus ar fheidhmiú an Chiste Cosanta Taistealaithe lena chinntiú go raibh siad fós ag comhlíonadh chuspóirí na scéime go héifeachtúil agus go raibh leibhéal cuí cosanta á chur ar fáil don phobal atá ag taisteal.

Sa bhliain 2019, nuair a bhí trasuíomh Threoir 2015/2302 curtha i gcrích, chuamar ar aghaidh leis an athbhreithniú sin agus is é an deireadh a bhí leis ná gur eisigh an Coimisiún Páipéar 9/2019 an Choimisiúin, Bearta Cosanta Tomhaltóirí na Trádála Taistil-Comhairle don Roinn Iompair. Mar gheall ar an bpaindéim, níor éirigh leis an obair seo dul chun cinn ar bith eile a dhéanamh. Tabharfaimid tús áite don obair seo leis an Roinn in 2023.

## 4.7. AG FÉACHAINT CHUN CINN

Bliain ghnóthach eile a bheidh ann don fhoireann in 2023. Oibreoimid leis an Roinn Iompair chun na socruithe cosanta tomhaltóirí a ardaíodh i gComhairliúchán 2019 a chur i bhfeidhm.

Déanfaimid maoirseacht ar dhá bhabhta ceadúnaithe agus leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil an tslándáil riachtanach ag eagraithe atá ag díol nó ag tairiscint le díol, pacáistí agus socruithe taistil nasctha in Éirinn/san AE. Leanfaimid orainn ag obair le páirtithe leasmhara chun infheistíocht a dhéanamh.

# 5. Cearta Aerphaisinéirí

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe le haghaidh dhá Rialachán um Chearta Aerphaisinéirí:

1. CE261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus
2. CE1107/2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer.

Ó mhí Eanáir go hAibreán 2023, fuair an fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí 1,270 gearán maidir le Rialachán (CE) 261 de 2004. Láimhseáil sé 410 fiosrúchán tríd an bpost agus trí ríomhphost agus 343 eile trí ghlaoch teileafóin freisin. Fuair sé 15 ghearán maidir le Rialachán (CE) 1107 sa tréimhse chéanna.

<u>Rialachán CE 261/2004</u>

Is é an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe do Rialachán CE 261/2004 ina leagtar amach cearta Aerphaisinéirí i gcás ina gcuirtear a n-eitilt ar ceal nó má chuirtear moill uirthi nó má dhiúltaítear bordáil nó íosghrádú dóibh.

Féadfaidh paisinéirí gearáin a chur isteach chuig an gCoimisiún a fhiosróidh cásanna maidir le heitiltí curtha ar ceal, moilleanna níos faide ná dhá uair an chloig agus cásanna ina ndiúltaítear cead bordála nó ina ndéantar seirbhísí a íosghrádú do gach eitilt atá le himeacht ó aerfoirt Éireannacha agus d'eitiltí a thagann isteach go haerfoirt Éireannacha ó thíortha neamh-AE (má tá iompróirí atá ceadúnaithe ag an AE á bhfeidhmiú).

Ó tháinig an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí i bhfeidhm in 2005 agus ó tháinig an Coimisiún chun bheith ina Chomhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe do CE261/2004, tá méadú tagtha ar líon na ngearán. Tharla sé seo de bharr, go páirteach, an tionchar a bhí ag Covid 19 ar phaisinéirí agus ar an gcur isteach ar thaisteal dá bharr, rud a mhéadaigh feasacht na bpaisinéirí ar a gcearta aerphaisinéirí faoi Rialacháin an AE agus ar ról na Foirne um Chearta Aerphaisinéirí sa Choimisiún maidir le gearáin a fhiosrú.

<u>Rialachán CE 1107/2006</u>

Is é an Coimisiún freisin an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe do Rialachán CE 1107/2006 maidir le Paisinéirí faoi Mhíchumas Luaineachta. Déanann an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh comhlachtaí bainistíochta aerlínte agus aerfoirt araon chun a chinntiú go gcloítear le cearta paisinéirí faoi mhíchumas luaineachta. • Más mian le paisinéir gearán a dhéanamh, fiosróidh an Coimisiún gearáin a bhaineann le cabhair faighte ag paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn áirithint á déanamh acu, nuair a bhíonn siad ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó nuair a bhíonn siad ag bordáil eitilte ag imeacht ó aerfort Éireannach. Luaitear sa Rialachán Eorpach go bhfuil aon duine atá faoi mhíchumas – bíodh sé sealadach nó buan agus beag beann ar an gcúis – i dteideal cineálacha áirithe cúnaimh agus é ag dul ar eitilt. Agus, an rud is tábhachtaí, tá aon chúnamh a chuirtear ar fáil saor in aisce don phaisinéir.

Ina theannta sin, tugann an Coimisiún faoi chlár bliantúil cigireachta ar chomhlíonadh aerfoirt chun faireachán a dhéanamh ar an gcúnamh a chuireann aerfoirt ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas Luaineachta. Is é cuspóir na gcigireachtaí ná a áirithiú go soláthraíonn aerfoirt cúnamh a chomhlíonann an ceanglas faoi Rialachán (CE) 1107 / 2006. Cuireann sé seo ionchur freisin i bhforbairt méadrachtaí Cáilíochta Seirbhíse a chuireann tuairimí agus riachtanais na bpaisinéirí san áireamh.

Cosúil le treochtaí i mblianta roimhe seo, bhain sciar de na ceisteanna a fuair an Coimisiún le saincheisteanna atá lasmuigh dár sainchúram rialála agus áiríodh iad seo a leanas leo:

- bagáiste caillte agus damáistithe;
- aisíocaíochtaí a lorgaíodh i gcás nach raibh an paisinéir in ann taisteal ar eitiltí a bhí ag feidhmiú mar gheall ar shrianta taistil;
- aisíocaíochtaí a lorgaíodh le haghaidh muirir agus cánacha aerfoirt nuair a chuir na paisinéirí a bpleananna taistil ar ceal; agus
- deacrachtaí le dearbháin ar glacadh leo in áit aisíocaíochtaí le linn na paindéime a fhuascailt.

## 5.1. CEALUITHE, MOILLEANNA, DAOINE NÁR TUGADH CEAD DÓIBH DUL AR BORD AGUS ÍOSGHRÁDAITHE

San iomlán, dhún an fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí 902 gearán (CE) 261/2004 sa tréimhse Eanáir go hAibreán 2023.

Bhí 1,535 gearán a d'fhéadfadh a bheith bailí ag dul ar aghaidh ag deireadh mhí Aibreáin.

## 5.2. DAOINE FAOI MHÍCHUMAS LUAINEACHTA

Ó mhí Eanáir 2023 i leith, cuireadh 15 ghearán isteach trí úsáid a bhaint as foirm ghearáin Rialachán (CE) 1107/2006, ach ní raibh feidhm ag 9 gcinn acu – ciallaíonn sé sin gur úsáid an paisinéir an fhoirm chun teagmháil a dhéanamh linn faoi ábhar nach mbaineann le hábhar an Rialacháin.

Ceanglaítear le Rialachán 1107/2004 ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a dteastaíonn cúnamh uathu fógra a thabhairt don aerlíne 48 uair an chloig ar a laghad roimh an am imeachta. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur féidir cúnamh a dhiúltú dóibh siúd nach dtugann fógra roimh ré mar go gceanglaítear ar aerlínte agus aerfoirt gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun cúnamh a chur ar fáil. Mura dtugtar fógra roimh ré, bíodh sé ar thaobh an phaisinéara nó ag aerlíne gan an fhaisnéis a tharchur chuig an aerfort, d'fhéadfadh sé cur isteach ar an tseirbhís i gcoitinne toisc go mbíonn sé níos deacra d'aerfoirt agus do sholáthraithe seirbhíse pleanáil leordhóthanach a dhéanamh. Ceann de na dúshláin a mbíonn ar aerlínte agus údaráis aerfoirt/soláthraithe seirbhíse dul i ngleic leo ná an líon ard paisinéirí a bhíonn i láthair ag an aerfort mar phaisinéirí a dteastaíonn cúnamh uathu gan fógra a fháil roimh ré.

# 6. Seirbhísí Corparáideacha

## 6.1. ACMHAINNÍ DAONNA

In 2023 d'fhostaigh an Coimisiún 26 fostaí lán-aimseartha comhionann ar an meán. Íoctar baill foirne ag rátaí ar féidir a chur i gcomparáid go díreach le poist sa tSeirbhís Phoiblí agus tá na rátaí ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir mar a athosclaíodh an domhan iar-Phaindéime le haghaidh gnó, thosaigh formhór fhostaithe an Choimisiúin ag obair ar bhonn hibrideach i rith na bliana agus meastóireacht á déanamh againn ar phatrúin éagsúla oibre chun cothromaíocht a aimsiú a d'oibrigh don fhoireann agus do sheachadadh seirbhíse.

Lean an Coimisiún dá Phlean don Lucht Oibre a oiriúnú chun freastal ar riachtanais ghnó laistigh de na hacmhainní atá ann cheana agus aird á tabhairt aige freisin ar na dúshláin agus na riachtanais acmhainní don eagraíocht chumaiscthe amach anseo, go háirithe i réimsí an Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha.

Lean Clár Fholláine Fostaithe an Choimisiúin ar aghaidh i rith 2023 le seachadadh gníomhaíochtaí ar líne agus inmheánacha araon a bhí fíorluachmhar dár bhfoireann go léir. Dhírigh an t-ábhar ar Shláinte Fhisiciúil agus Cothú, Meabhairshláinte, Nascadh agus Tógáil Foirne, Freagracht Shóisialta, agus Foghlaim.

## 6.2. SCÉIMEANNA AOISLIÚNTAIS

Oibríonn an Coimisiún dhá scéim pinsin. Bunaíodh scéim sochar sainithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ón 1 Eanáir 2013, bíonn ar fhostaithe nua dul isteach sa Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (mura gceadaítear dóibh dul isteach i scéim sochar sainithe an Choimisiúin). Déantar an dá scéim pinsin a riar de réir na riachtanas reachtúla agus tá na fostaithe gníomhacha atá ann faoi láthair roinnte 70/30 idir Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus an Scéim Sochar Sainithe, faoi seach.

## 6.3. SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

In 2023, lean an Coimisiún air ag déanamh athruithe ábhartha ar na nósanna imeachta aslonnaithe, ar mheasúnú riosca agus ar phrótacail sábháilteachta i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí agus le Beartas an Rialtais. Lean an Coimisiún ar aghaidh ag spreagadh baill foirne chun scaradh fisiciúil a chleachtadh, leanamar orainn ag soláthar Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) agus díghalrán lámh i dtimpeallacht na hoifige, de réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar an láthair. In 2023, lean an Coimisiún de chleachtais shábháilte a chur chun cinn san oifig agus rinne sé cinnte go cloíodh lenár ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus leis na forálacha reachtacha maidir leis an tsláinte phoiblí.

## 6.4. SEACHFHOINSIÚ AGUS SOLÁTHAR

Lean an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh lena cuid feidhmeanna riaracháin nach feidhmeanna lárnacha iad a sheachfhoinsiú. Bhain na feidhmeanna sin leis an iniúchóireacht inmheánach, le baill fhoirne shealadacha a earcú, le caidreamh leis na meáin agus le tacaíocht FT agus párolla. San am céanna, bhí ról gníomhach ag an bhfoireann ó thaobh seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar agus a bhainistiú.

Ba é an sprioc a bhí ag an bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha ná soláthraithe seirbhíse a fháil a bhfuil cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar bun acu, agus seirbhísí ardchaighdeáin cost-éifeachtúla a thairiscint. D'úsáid an fhoireann creatlacha na hOifige um Sholáthar Rialtais, seirbhísí ríomhthairisceana, agus praghsáil iomaíoch de réir mar is cuí chun an méid sin a dhéanamh. Cuirtear soláthar an Choimisiúin i gcrích ar aon dul le riachtanais na hEarnála Poiblí mar atá leagtha amach inár mbeartais agus inár nósanna imeachta. Leanann

feidhm na Seirbhísí Corparáideacha le hathbhreithniú a dhéanamh ar a creatlacha reatha Oifige um Sholáthar Rialtais agus ar chomhaontuithe seirbhíse eile agus le hathruithe a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Tá nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin i gcomhréir le treoirlínte agus treoracha náisiúnta agus AE, nuair is cuí. De bharr luach thromlach na gconarthaí, is gnách feidhm a bheith ag na treoirlínte náisiúnta. Tá plean soláthair ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.

## 6.5. TFC

Bhain ríthábhacht le rathúlacht ár dtionscadail um ascnamh Néil agus uasghrádú crua-earraí chun a chinntiú go gcoimeádfadh an Coimisiún leanúnachas gnó le linn 2023. Lean an Coimisiún le nuashonrú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta slándála agus córais, rinne sé iniúchtaí córais agus tástálacha treáite agus feidhmíonn sé de réir na bprótacal cibearshlándála is airde. Coinníonn an Coimisiún rátáil shásúil a eascraíonn as na próisis mheastóireachta seo. D'éascaigh an infheistíocht ar fad inár gcórais go dtí seo an t-ullmhúchán d'aistriú réidh mar chuid den chlár um Athchóiriú Rialála.

## 6.6. ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta liostaithe mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Mar sin de, ceanglaítear ar an gCoimisiún cloí le forálacha díreacha an Achta, agus Scéimeanna Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tugtar eolas sa Scéim Teanga faoin tslí a ndéanfaidh an Coimisiún soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú agus a nglacfaidh sé bearta chun baill den phobal a chur ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as ár seirbhísí trí mheán na Gaeilge, thar thréimhse ama comhaontaithe. Chuige sin, tá síniú ríomhphoist na mball foirne dátheangach anois, tugtar an t-eolas maidir le hiarratais Saorála Faisnéise a chur isteach sa dá theanga, agus tá ár suíomhanna gréasáin leasaithe sa dóigh is go bhfuil sé soiléir gur féidir gearáin a bhaineann le Cearta Aerphaisinéirí a dhéanamh i gceachtar den dá theanga.

## 6.7. SAORÁIDÍ

Choinníomar ár n-ídiú fuinnimh agus ár leibhéal gníomhaíochta in 2023 ag ráta i bhfad níos ísle, agus shábhálamar airgead ar chostais fuinnimh agus ar dhiúscairt comhshaoil dá bharr sin. Leanamar lenár mbeartas a chur i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú trí shoilse agus trealamh a. chasadh as nuair nach raibh siad in úsáid. Faigheann an Coimisiún táirgí atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ó sholáthraithe tríú páirtí.

In 2023, beidh múnla oibre hibrideach á ghlacadh againn ina bhfeicfear cothromaíocht idir obair oifige agus cianobair, ar cheart dó coigilteas fuinnimh agus comhshaoil a sholáthar i rith na bliana agus an clár Athchóirithe Rialála á chur chun cinn againn.

## 6.8. ÉAGSÚLACHT AGUS COMHIONANNAS

Fostóir comhdheiseanna is ea an Coimisiún nach ndéanann idirdhealú i gcoinne daoine bunaithe ar inscne, aois, cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta, reiligiún, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, míchumas nó comhaltas den lucht siúil. Tá an Coimisiún tiomanta do chur chuige réamhghníomhach maidir le tionscnaimh éagsúlachta agus chuimsithe agus leanfaidh sé le hathbhreithniú a dhéanamh ar a chuid beartas agus cleachtas maidir leis an éagsúlacht agus an cuimsiú in 2023, trí mheasúnú fianaise-bhunaithe ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna ag an gCoimisiún mar chuid de chlár um Athchóiriú Rialála níos leithne. Déanann an Coimisiún imeachtaí agus plé a eagrú i gcónaí a bhaineann le himeachtaí idirnáisiúnta don cheartas sóisialta,.

## 6.9. COSAINT SONRAÍ

Tá ár nOifigeach Cosanta Sonraí cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679, arna fhorlíonadh ag an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Déanann ár nOifigeach Cosanta Sonraí na polasaithe agus nósanna imeachta a bhfuil gá leo a éascú, déanann sé monatóireacht orthu agus cuireann sé i bhfeidhm iad lena chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht ábhartha maidir le Cosaint Sonraí. Bhí an Coimisiún réidh don chianobair sular tháinig an phaindéim agus bhí sé ábalta a oibleagáidí rialála a chomhlíonadh agus san am céanna slándáil sonraí agus próiseáil sonraí a chur chun cinn i gcomhréir leis an RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

## 6.10. RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Cloíonn sé leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, i gcás inarb infheidhme é sin d'eagraíocht dá mhéad. Bhí an Coimisinéir, mar dhuine cuntasach, freagrach don Aire Iompair as dea-rialachas corparáideach.

Tábla 12: Achoimre ar Rialachas Corparáideach

| | |
|---|---|
| **Cód Iompair an Choimisiúin** | Tá cód iompair ann d'fhostaithe an Choimisiúin. |
| **Luacháil Infheistíochta** | Níor thabhaigh an Coimisiún aon chaiteachas caipitil in 2023 a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a beartaíodh i dtreoirlínte 2005 na Roinne: Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí. |
| **Luach saothair Bhainisteoirí Sinsearacha agus Táillí Stiúrthóra** | Tugtar an t-eolas don réimse seo sa chuid den doiciméad seo a bhaineann le hacmhainní daonna. Níl feidhm ag íocaíocht tháillí an stiúrthóra |
| **Socruithe Tuairiscithe** | Déanann an Coimisiún tuarascálacha a ullmhú don Aire Iompair faoi mar is gá. Tá córas iomlán forbartha cuntasaíochta ag an gCoimisiún, a chuireann tuarascálacha mionsonraithe míosúla bainistíochta agus airgeadais ar fáil don bhainistíocht shinsearach. Glacaimid le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 chun ár gcuntasaíocht a dhéanamh. Déanaimid ár gcuntais a ríomh ar chóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má thugtar a mhalairt le fios sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cloí leis an dualgas go gcoinneofaí leabhair chuí chuntais. Coinnítear iad sin san aon oifig amháin atá aige. |
| **Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach** | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach sa reachtaíocht seo a leanas: an tAcht Eitlíochta, 2001; an tAcht um Aerfoirt Stáit, 2004; an tAcht Eitlíochta, 2006; an tAcht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 agus in Ionstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair ar an dóigh a ndearnadh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh sa bhliain roimhe sin. Cé gur chuireamar tús le comhairliúchán chun ár bplean straitéiseach 2017–2019 a leathnú i gcomhar leis an gclár um Athchóiriú Rialála, níor thugamar an próiseas sin chun críche i bhfianaise an tionchar a bhí ag COVID-19 ar chuid mhór gnéithe dár gcuid oibre agus an ghá a bhí lenár n-iarrachtaí a athdhíriú le linn na tréimhse sin. |
| **Polasaí Taistil** | Cloíonn an Coimisiún le riachtanais an Rialtais maidir le polasaí taistil. |
| **Leasanna a Nochtadh** | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na comhairleoirí uile cloí leis na coinníollacha ábhartha nochta a eascraíonn as Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus as Ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| **Bainistíocht maidir le Riosca** | Coinníonn an Coimisiún clár riosca a ndéanann lucht na bainistíochta sinsearaí athbhreithniú air go rialta agus oibrítear i gcomhar leis an gcoiste iniúchóireachta d'fhonn rioscaí a bhainistiú. |

## 6.11. TRÉDHEARCACHT

Cuireann an Coimisiún a chuid feidhmeanna i gcrích ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear gach doiciméad a bhaineann le comhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (tá liosta le haghaidh 2021 san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 ar aghaidh, tá nótaí foilsithe ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin go ráithiúil, nótaí ina bhfuil na horduithe ceannaigh le haghaidh méideanna atá os cionn €20,000 sonraithe.

D'fhreagair an Coimisiún 8 nIarratas um Shaoráil Faisnéise agus Iarratas Rochtana Ábhair Sonraí amháin sa tréimhse Eanáir – Aibreán 2023.

## 6.12. ATHCHÓIRIÚ RIALÁLA

Le linn 2023, d'oibrigh an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn Iompair agus lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann chun an próiseas athchóirithe rialála a chur i bhfeidhm, próiseas a raibh cumasc an Choimisiúin agus na Rannóige um Rialáil Sábháilteachta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann mar thoradh air ar an 1 Bealtaine 2023. Achtaíodh an tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, an 7 Nollaig 2022 agus bhí sé mar bhonn le díscaoileadh comhuaineach an Choimisiúin agus bunú na heitlíochta sibhialta aontaithe.



# 7. Faisnéis Airgeadais

I mí na Nollag 2022, rinne an Coimisiún tobhach don tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2023. Is é seo an tobhach deiridh a ghearr an Coimisiún faoi alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, mar gur aisghaireadh an fhoráil sin le halt 8 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022.

Sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag an 30 Aibreán 2023, tugtar le fios go raibh €35.9m i mbannaí airgid trádála taistil ann ag deireadh na bliana. Is méadú €1.0m é seo agus léiríonn sé an téarnamh i dtrádáil san earnáil i rith na bliana. Tá tionchar aige freisin ar Ghníomhairí Taistil móra aonair a athraíonn go bannaí airgid ó bhannaí árachais.

Tá an t-easnamh ar scéim/scéimeanna aoisliúntais an Choimisiúin laghdaithe go €421k amhail an 30 Aibreán 2023 ó €1m amhail an 31 Nollaig 2022. Tá an laghdú mar gheall ar éifeacht eispéireas na scéime agus athruithe toimhde mar gheall ar choinníollacha airgeadais atá ag athrú, an péire in éineacht a chéile. Maidir leis an dliteanas ar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, €371k a bhí ann ag deireadh na bliana.

## 7.1. RÁITEAS AR CHÓRAS RIALUITHE INMHEÁNACHA

Bhí freagracht ag an gCoimisinéir as a chinntiú gur caomhnaíodh agus gur feidhmíodh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh sa Choimisiún um Rialáil Eitlíochta. Thug an fhreagracht sin aird ar na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh le riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta in áit é a dhíothú.

Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht agus rialacháin, bhunaigh an Coimisinéir struchtúr eagraíochtúil le nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Bhí Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ag an gCoimisiún a d'fheidhmigh faoi chairt i scríbhinn a cheadaigh an Coimisinéir, agus ar a raibh triúr comhaltaí seachtracha, a raibh saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile uair amháin in 2023.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún freisin a seachfhoinsíodh. Bhí obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí a raibh an Coimisiún nochta dóibh; bunaíodh na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin agus aontaíodh leis an CIR iad. Cuireadh gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an CIR.

D'fhorbair an Coimisiún polasaí um bainistiú riosca a leag amach an inghlacthacht riosca atá aige, a léirigh na próisis bhainistithe riosca atá i bhfeidhm agus a shonraigh róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Dheimhnigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Eitlíochta na hÉireann, sna Dréacht-Ráitis Airgeadais don tréimhse go dtí an 30 Aibreán 2023, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bainistíochta riosca.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha gach bliain.

## 7.2. INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Ba iad Crowe iniúchóirí inmheánacha an Choimisiúin agus ceapadh iad i mí Lúnasa 2020. Mairfidh conradh Crowe go dtí an 31 Lúnasa 2023 (agus an rogha ann síneadh bliana eile a chur leis), agus aistríodh é chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann an 1 Bealtaine 2023. Feidhmíonn an t-iniúchóir inmheánach faoi threoir a fhaightear ó Choiste seachtrach um Iniúchóireacht agus Riosca.

## 7.3. AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS RIOSCA

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile uair amháin ó mhí Eanáir go hAibreán 2023. Ag an gcruinniú sin, thug an Coimisinéir an Coiste suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, an obair idir lámha, agus ceisteanna lárnacha. D'fhreastail príomhbhaill den fhoireann bhainistíochta ar na cruinnithe de réir mar ba ghá agus ba chuí. D'fhreastail na hiniúchóirí inmheánacha neamhspleácha ar an gcruinniú freisin chun an Coiste a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an bplean iniúchóireachta bliantúil agus tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara.

Rinne foireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OARCC) agus an gnólacht ar iasacht, Mazars, a gcuid oibre go fíorúil go príomha.

## 7.4. ÍOCAÍOCHT PHRAS NA GCUNTAS

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht maidir le cinntiú go gcomhlíontar, sna poncanna ábhartha uile, forálacha Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíochtaí déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("Na Rialacháin"). Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a raibh sonraisc iníoctha dlite agus chun a chinntiú go ndéanfaí na híocaíochtaí ar na dátaí seo. Thug na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach in éadan neamhchomhlíonta ábhartha na Rialachán. Chomhlíon an polasaí íocaíochta ceanglais na Rialachán.

## 7.5. DIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ AGUS ROCHTAIN AG TRÍÚ PÁIRTITHE AR SHÓCMHAINNÍ

Níor tharla aon diúscairtí suntasacha sócmhainní (i.e., os cionn €150,000 mar a shonraítear sna treoirlínte) le linn Eanáir go hAibreán 2023.

De bhun an Ordaithe um Lá Díscaoilte a rinne an tAire Iompair faoi fhorálacha an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2023, aistríodh sócmhainní agus dliteanais uile an Choimisiúin chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## 7.6. LUACHÁIL INFHEISTÍOCHTA

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach in 2023, a thagann laistigh den raon gníomhaíochtaí a bheartaítear i dtreoirlínte 2005 de chuid na Roinne - Treoirlínte do Luacháil agus do Bhainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí.:

## 7.7. COMHLÍONADH CÁNACH

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus PSWT a íoc. Tá na tuairisceáin ábhartha chánach uile do 2023 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais.

## 7.8. TOBHACH

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, d'fhéadfadh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh a fhorchuire tobhach ar mhaithe le costais a tabhaíodh i gceart le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh a chlúdach. Bhí an tobhach sin iníoctha ag na haicmí fiontar sin a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú.

Ar an 9 Nollaig 2022, rinne an Coimisiún I.R. 643 de 2022, rialachán a fhorchuireann an Tobhach do 2023. Bhí an Coimisiún ag súil le hioncam €5.1 milliún a ghnóthú ón tobhach in 2023. Déanfaidh Údarás Eitlíochta na hÉireann aon chuid den tobhach sin nár gearradh a shonrasc le linn 2023.

D'athraigh an t-ioncam ó thobhach i gcomhréir le riachtanais mheasta chaiteachais agus riachtanais sreafaí airgid. D'fhan ioncam ó tháillí ceadúnais seasmhach sa tréimhse ceithre mhí go dtí an 30 Aibreán 2023.

Athmhuirearú costais ar Údarás Eitlíochta na hÉireann agus ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe atá i gceist leis an Ioncam Eile. Bhain an chéad cheann le ham foirne agus le caiteachas eile a bhain leis an gcumasc le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann. Baineann an dara ceann leis na cásanna ina dtabhaigh an Coimisiún costais de bharr riar an Chiste Cosanta Taistealaithe agus na gCuntas Bannaí, agus inar baineadh na costais sin ón gciste nó ó chuntais na mbannaí.

## 7.9. RÁITIS AIRGEADAIS

Tá ráitis airgeadais iniúchta an Choimisiúin don tréimhse ceithre mhí dar críoch 30 Aibreán 2023 léirithe thíos.

# Ráitis Airgeadais
## don tréimhse ceithre mhí dar críoch 30ú Aibreán 2023

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird....29
Ráiteas ar Rialú Inmheánach....33
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thithe an Oireachtais....36
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023....38
Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023....39
Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 30ú Aibreán 2023....40
Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar Chuntas Caipitil amhail an 30ú Aibreán 2023....41
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023....42
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023....42



# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ar an 1ú Bealtaine 2023 i gcomhréir leis an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022, lánscor an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ("an Coimisiún"), agus aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí an Choimisiúin chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an tÚdarás").

## RIALACHAS

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta de réir an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Bhí an Coimisinéir cuntasach don Aire Iompair agus bhí sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus rinne sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheisteanna lárnach gnó. Ón 1ú Bealtaine 2023, tá bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin aistrithe go dtí Údarás Eitlíochta na hÉireann agus is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht agus rialacháin, tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an Údarás le nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Bhí Coiste Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ag an gCoimisiún a d'fheidhmigh faoi chairt scríofa arna fhaomhadh ag an gCoimisinéir, agus ar a raibh triúr comhaltaí seachtracha, le saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus bhí duine acu ina Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile uair amháin i 2023.

| Ainm | Tinreamh | Táillí 2023 | Costais 2023 |
|---|---|---|---|
| Alan Richardson | 1 | 845 | - |
| Nicolas Marcoux | 1 | - | - |
| Ciara Lynch (Cathaoirleach) | 1 | 1,127 | - |
| **Iomlán** | | **-** | **-** |

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún freisin a bhí seachfhoinsithe. Cuireadh obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar na rioscaí a raibh an Coimisiún nochta dóibh, agus bunaíodh pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin agus comhaontaíodh iad leis an CIR. Cuireadh gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an CIR.

D'fhorbair an Coimisiún beartas bainistíochta riosca a leag amach a inghlacthacht riosca, a leag amach na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a mhionsonraigh róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Bhain na socruithe rialachais a bhí i bhfeidhm freisin leis an gCiste um Chosaint Taistealaithe agus le Cuntais Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas a aistríodh ón gCoimisiún chuig an Údarás. Tá na freagrachtaí leagtha amach faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil) 1982.

## FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaíonn Alt 116 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ar an Údarás cuntais deiridh an Choimisiúin a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus cúramach
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin míchuí
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Bhí an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil, a nocht ag am ar bith le cruinneas réasúnta staid airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus a chuir ar a chumas a chinntiú gur chomhlíon na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Bhí an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta léargas fíor agus cothrom ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar an staid airgeadais amhail an 30ú Aibreán 2023.

## NOCHTAÍ A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Bhí an Coimisinéir freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Coimisiún ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas faoin gCód:

## MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

Déantar sochair ghearrthéarmacha bliantúlaithe fostaithe de bhreis ar €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Banda** | **Líon fostaithe** | **Líon fostaithe** |
| €60,000-€70,000 | 1 | 4 |
| €70,001-€80,000 | 1 | 1 |
| €80,001-€90,000 | 1 | 2 |
| €90,001-€100,000 | 2 | 2 |
| €100,001-€110,000 | 2 | 0 |
| €110,001-€120,000 | 0 | 0 |
| €120,001-€130,000 | 0 | 0 |
| €130,001-€140,000 | 0 | 0 |
| €140,001-€150,000 | 0 | 0 |
| €150,001-€160,000 | 0 | 1 |
| €160,001-€170,000 | 1 | 0 |
| €170,001-€180,000 | 1 | 1 |

Áirítear le sochair ghearrthéarmacha tuarastal agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

## COSTAIS CHOMHAIRLEACHTA

Áirítear le costais chomhairleachta costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna "gnó mar is gnách" seachfhoinsithe.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| TF | - | - |
| Eacnamaíoch * | 131,644 | 1,247,680 |
| Dlíthiúil | 99,046 | 149,440 |
| **Costais Chomhairleachta Iomlána** | **230,690** | **1,397,120** |

* Déantar cuid de chostais chomhairleachta Eacnamaíochta a rangú laistigh de chostais chomhordaithe sliotán ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

## COSTAIS DLÍ AGUS SOCRAÍOCHTAÍ

Seachas comhairle dlí ghinearálta a fuair an Coimisiún i 2023 mar a nochtadh faoi chostais chomhairleachtaí thuas, níor tabhaíodh aon chostais dlí, socraíochtaí agus costais idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe sa tréimhse tuairiscithe (2022: €náid).

## CAITEACHAS TAISTIL AGUS MAIREACHTÁLA

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | 2,573 | 2,261 |
| Idirnáisiúnta | 3,678 | 10,721 |
| **Iomlán** | **6,251** | **12,982** |

## CAITEACHAS FÁILTEACHAIS

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Foireann | 137 | 3,348 |
| Seachtrach | - | - |
| **Iomlán** | **137** | **3,348** |

## RÁITEAS COMHLÍONTA

Ghlac an Coimisinéir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chomhlíon an Coimisiún go hiomlán gach gné den Chód Cleachtais a bhain leis mar chomhlacht rialála leathstáit neamhthráchtála.

Bhí Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún leis an Roinn Iompair, mar a éilíonn an Cód Cleachtais.

Declan Fitzpatrick

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 19ú Deireadh Fómhair 2023**

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ar an 1ú Bealtaine 2023 de réir an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022, lánscor an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, agus aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí an Choimisiúin chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an tÚdarás"). Go dtí dáta an lánscoir bhí freagracht iomlán ar an gCoimisinéir as a chinntiú go raibh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú i leith an Choimisiúin agus an Chiste um Chosaint Taistealaithe agus Cuntais Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas. Chuir an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá an tÚdarás ag brath ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a rinne maoirsiú ar a gcuid oibre, an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún (a d'aistrigh chuig an ÚEÉ ar an 1ú Bealtaine 2023) agus an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Dearadh an córas um rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Ní fhéadfadh an córas, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndearnadh sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil. Bhí an córas um rialú inmheánach i bhfeidhm sa Choimisiún um Rialáil Eitlíochta don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

## CUMAS CHUN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Bhí Coiste Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ag an gCoimisiún a d'fheidhmigh faoi chairt scríofa arna fhaomhadh ag an gCoimisinéir, agus ar a raibh triúr comhaltaí seachtracha, le saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus bhí duine acu ina Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile uair amháin i 2023.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún freisin a bhí seachfhoinsithe. Cuireadh obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar na rioscaí a raibh an Coimisiún nochta dóibh, agus bunaíodh pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin agus comhaontaíodh iad leis an CIR. Cuireadh gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an CIR.

D'fhorbair an Coimisiún beartas bainistíochta riosca a leag amach a inghlacthacht riosca, a leag amach na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a mhionsonraigh róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a rabhthas ag súil go n-oibreodh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Choimisiúin, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Chuir an Coimisiún córas bainistithe riosca i bhfeidhm a shainaithin agus a thuairiscigh príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Bhí clár rioscaí i bhfeidhm a d'aithin na príomhrioscaí a bhí os comhair an Choimisiúin agus aithníodh iad, rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a dtábhacht. Rinne an Coimisinéir agus an bhainistíocht an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Cuireadh an clár os comhair an CIR freisin ag gach cruinniú lena athbhreithniú. Baineadh úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go raibh rioscaí á mbainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíodh sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannadh freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhaill foirne ar leith. Deimhním go raibh timpeallacht rialaithe ina raibh na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm go dtí an lánscor:

- hí nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach;
- Bhí córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnigh an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú;
- Bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na faisnéise agus na córas teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú; agus
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH GO DTÍ AN LÁNSCOR

Bhí nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta rialaithe agus cuireadh easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhí freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go raibh na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm go dtí lánscor:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú;
- Bhí socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- Rinne an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht tréimhsiúil agus bliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais míosúla a léirigh feidhmíocht i gcoinne na mbuiséad.

## SOLÁTHAR

Deimhním go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a áirithiú agus gur chomhlíon an Coimisiún na nósanna imeachta sin le linn 2023.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT

Deimhním go raibh nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Le linn an tréimhse go dtí an dáta lánscoir, bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a rinne maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún a raibh freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2022 a tháinig chun críche i mí an Mhárta 2023. Mar gheall ar an bhfráma ama gearr ón athbhreithniú is déanaí, ní dhearnadh aon athbhreithnithe eile don tréimhse go dtí an 30ú Aibreán 2023.

## SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 19ú Deireadh Fómhair 2023**

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thithe an Oireachtais

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta (atá lánscortha anois) don tréimhse ón 1ú Eanáir 2023 go dtí an 30ú Aibreán 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 116 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022. D'ullmhaigh Údarás Eitlíochta na hÉireann na ráitis airgeadais agus cuimsítear

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar chúlchistí agus ar chuntas caipitil
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ar an 30ú Aibreán 2023 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don tréimhse 1ú Eanáir 2023 go 30ú Aibreán 2023 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CII) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ón gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta agus ar Údarás Eitlíochta na hÉireann, agus tá mo chuid freagrachtaí eitice eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag Údarás Eitlíochta na hÉireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil an Choimisiúin, agus an ráiteas faoin rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**20 Deireadh Fómhair 2023**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Choimisiúin agus Údarás Eitlíochta na hÉireann

Lánscor an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ar an 30ú Aibreán 2023 agus aistríodh a shócmhainní, a dhliteanais agus a fhoireann chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann

Leagann an ráiteas rialachais agus tuarascáil an Choimisiúin amach na freagrachtaí faoi seach atá ar an gCoimisiún agus ar Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir le

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 26 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann sé atá riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó ráiteas ábhartha neamhchruinn, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 116 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais deiridh an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó ráiteas ábhartha neamhchruinn de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go naimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CII ráiteas ábhartha neamhchruinn i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le ráiteas neamhchruinn a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na núsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir an CII, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le ráiteas ábhartha neamhchruinn ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbrathfar ráiteas ábhartha neamhchruinn mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach nach bhfuil chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena náirítear na nochtaí, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchadh.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchadh faighte agam, nó
- níor leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go fonnmhar agus i gceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoin CII an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil ráiteas ábhartha neamhchruinn ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim de thátal as go bhfuil ráiteas ábhartha neamhchruinn ann maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí. Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúcadh. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

## don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Tobhaigh | 2 | 1,676,302 | 4,504,663 |
| Táillí Ceadúnais | 2 | 35,006 | 119,594 |
| Eile | 2 | 108,186 | 302,675 |
| **Ollioncam** | | 1,819,494 | 4,926,932 |
| Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil | 9 | 6,767 | (183,236) |
| **Glanioncam** | | 1,826,261 | 4,743,696 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 4 | 694,625 | 1,841,730 |
| Costais Sochair Scoir | 10(a) 11(a) | 121,814 | 420,231 |
| Comhairleacht (seachas dlíthiúil) | | 83,024 | 1,181,925 |
| Táillí Dlí | | 99,046 | 149,440 |
| Cíos | | 99,500 | 298,500 |
| Comhordú Sliotán & comhairleacht ghaolmhar | | 117,909 | 284,901 |
| Costais Oibriúcháin | | 257,177 | 518,570 |
| | 3 | 1,473,095 | 4,695,297 |
| Barrachas Oibriúcháin | 14 | 353,166 | 48,399 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 19ú Deireadh Fómhair 2023**

# Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach

## don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Barrachas Oibriúcháin | | 353,166 | 48,399 |
| Gnóthachain/(caillteanais) taithí ag éirí as dliteanais scéime sochair scoir | 10 (d) | 17,260 | (303,228) |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní scéime | 10 (b iii) | 129,067 | (1,228,924) |
| Athruithe ar thoimhdí faoi bhun luach reatha dhliteanais na scéime sochair scoir | 10 (b ii) | 429,071 | 2,567,943 |
| Gnóthachan achtúireach | | 575,398 | 1,035,791 |
| Gnóthachan/(caillteanais) taithí SPASP | | 8,523 | (63,963) |
| Athruithe ar thoimhdí SPASP | | 34,216 | 200,550 |
| | | 42,739 | 136,587 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 11 (b) | (42,739) | (136,587) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Tréimhse | | 928,564 | 1,084,190 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 19ú Deireadh Fómhair 2023**

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail an 30ú Aibreán 2023

| | Nótaí | € | 2023 € | € | 2022 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Maoin, Gléasra, Trealamh agus Bogearraí | 5 | | 495,955 | | 502,722 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 6 | 39,921,619 | | 37,541,446 | |
| Infháltas agus Réamhíocaíochtaí | 7 | 289,745 | | 229,960 | |
| | | 40,211,364 | | 37,771,406 | |
| **Dliteanais Reatha: Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Iníocthach agus Fabhruithe | 8 | (1,695,441) | | (649,499) | |
| Cuntais Bhanna Airgid | 6 | (35,882,776) | | (34,839,572) | |
| | | (37,578,217) | | (35,489,071) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 2,633,147 | | 2,282,335 |
| **Sócmhainní Iomlán lúide Dliteanais Reatha** | | | 3,129,102 | | 2,785,057 |
| | | | 3,129,102 | | 2,785,057 |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 10(b i) 11(b) | | (791,963) | | (1,378,343) |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha (SPASP) | 11(b) | | 370,881 | | 379,509 |
| **Glansócmhainní lena n-áirítear Dliteanas Sochair Scoir** | | | 2,708,020 | | 1,786,223 |
| **Léiriúchán** | | | | | |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | | | 2,633,147 | | 2,282,335 |
| Cuntas Caipitil | 9 | | 495,955 | | 502,722 |
| Cúlchiste Sochar Scoir | 10(b i) | | (421,082) | | (998,834) |
| | | | 2,708,020 | | 1,786,223 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 19ú Deireadh Fómhair 2023**


# Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar Chuntas Caipitil

## amhail an 30ú Aibreán 2023

| | Ráiteas ar Chuntas Ioncaim & Caiteachais | Cuntas Caipitil | Cúlchiste Sochar Scoir (Nóta 10) | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir 2022** | **2,150,802** | **319,485** | **(1,951,491)** | **518, 796** |
| Barrachas Oibriúcháin | 48,399 | - | - | 48,399 |
| Gluaiseacht le linn na tréimhse | - | 183,237 | - | 183,237 |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | 1,035,791 | 1,035,791 |
| Aistriú | 83,134 | - | (83,134) | - |
| **Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig 2022** | **2,282, 335** | **502,722** | **(998,834)** | **1,786,223** |
| | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir 2023** | **2,282,335** | **502,722** | **(998,834)** | **1,786,223** |
| Barrachas Oibriúcháin | 353,166 | - | - | 353,166 |
| Gluaiseacht le linn na tréimhse | - | (6,767) | - | (6,767) |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | 575,398 | 575,398 |
| Aistriú | (2,354) | - | 2,354 | - |
| **Iarmhéid amhail an 30ú Aibreán 2023** | **2,633,147** | **495,955** | **(421,082)** | **2,708,020** |

Léiríonn an Cúlchiste Sochar Scoir an difríocht idir costas carnach na sochar scoir lúide méideanna a íocadh go dtí seo. Léiríonn an t-aistriú sa tréimhse an difríocht idir costas iomlán na sochar scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse agus an méid a íocadh amach sa tréimhse.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 19ú Deireadh Fómhair 2023**

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Glan-sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas ar Ioncam agus Caiteachas | | 353,166 | 48,399 |
| Difríocht idir Costais Sochair Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra | | (2,354) | 83,134 |
| Dímheas & caillteanas ar dhiúscartha | 5 | 12,771 | 37,251 |
| Ús Bainc agus táillí íoctha | | 208 | 6,734 |
| Sócmhainn chaipitil a amúchadh | | (6,767) | 183,236 |
| Laghdú ar Infháltas | 7 | 32,724 | 80,133 |
| (Méadú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí | 7 | (92,509) | 17,684 |
| Méadú ar Iníocthach | 8 | 1,070,922 | 15,242 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | 8 | (24,981) | 80,165 |
| **Glan Airgead Tirim (Eis-sreabhadh) Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 1,343,180 | 551,978 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | | - | 52 |
| Ús Bainc agus Muirir Íoctha | | (208) | (6,786) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | 5 | (6,004) | (220,487) |
| **Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | (6,212) | (227,221) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Méadú ar Chuntais Bhanna Airgid & CCT | 6 | 1,043,205 | 24,463,432 |
| **Glanshreafaí Airgid arna Sholáthar ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | 1,043,205 | 24,463,432 |
| **Méadú Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | | 2,380,173 | 24,788,189 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1ú Eanáir | | 37,541,446 | 12,753,257 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 30ú Aibreán | 6 | 39,921,619 | 37,541,446 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023

### 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas cuntasaíochta suntasach arna nglacadh ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na tréimhse agus don bhliain roimhe sin.

#### a) Eolas Ginearálta

Comhlacht neamhspleách ab ea an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a bunaíodh de bhun an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ba iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin ná táillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil, tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil a oibríonn in Éirinn a cheadúnú, agus cur i bhfeidhm Oibleagáidí na hÉireann faoi reachtaíocht cionroinnt sealanna an AE, ceadúnú aeriompróirí Éireannacha agus ceadú soláthraithe seirbhísí ar an talamh. Bhí an Coimisiún freagrach freisin as a áirithiú go gcomhlíontar cearta íosta aerphaisinéirí i gcás moilleanna, cealuithe agus diúltú dul ar bord agus as a áirithiú go gcuirtear deiseanna aerthaistil ar fáil do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá inchomparáide le deiseanna saoránach eile. Ar an 1ú Bealtaine 2023 ar lánscor an Choimisiúin, aistríodh na freagrachtaí sin chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann.

#### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don tréimhse ceithre mhí dar críoch 30ú Aibreán 2023 de réir CTA 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA).

#### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.

#### d) Aitheantas Ioncaim

Tugtar ioncam Tobhaigh Eitlíochta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé. Tugtar ioncam táille ceadúnais ó iarratais ar thrádáil taistil chun cuntais sa tréimhse ina n-eisítear an ceadúnas. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

#### e) Maoin, Gléasra, Trealamh, agus Bogearraí

Sonraítear maoin, gléasra, trealamh agus bogearraí ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra, trealamh, agus bogearraí, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn méid cothrom thar a saolta úsáideacha measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 20% in aghaidh na bliana |
| Forbairt Bogearraí | 20% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofar faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a ré úsáideach. Ba é tairseach caipitlithe an Choimisiúin ná €1,500. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithníodh caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### f) Infháltas

Aithnítear nithe infháltas ag luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Foráil shonrach a bhí san fhoráil maidir le fiacha amhrasacha agus bunaíodh í nuair a bhí fianaise oibiachtúil ann nach mbeadh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta in ann na méideanna go léir a bhí dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn méid cothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### h) Tréimhse an Chuntais agus Aistriú Iarmhéideanna

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don tréimhse ceithre mhí ón 1ú Eanáir 2023 go dtí dáta an lánscoir.

Aithníonn na ráitis airgeadais:

a. gach ioncam agus caiteachas suas go dtí dáta an lánscoir

b. na sócmhainní agus na dliteanais go léir ag dáta an lánscoir atá leagtha amach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais, agus iad a aistríodh chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann ag an lánscoir.

### i) Lánscor na Comhlachta

Lánscor an Coimisiún ar an 1ú Bealtaine 2023 faoin Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022. Leagtar síos leis an Acht raon forálacha aistrithe lena n-áirítear i measc nithe eile, gach maoin, díreach roimh an lá sin, a bhí dílsithe don Choimisiún a aistriú chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann. Aistrítear cearta agus dliteanais uile an Choimisiúin a eascraíonn de bhua aon chonartha nó ghealltanais (sainráite nó intuigthe) a rinneadh roimh an dáta sin chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann. Tá forálacha san Acht freisin lena n-aistrítear foireann uile an Choimisiúin chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann ar théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná mar a bhí roimhe seo. Baineann forálacha eile a áirítear san Acht le leanúint d'aon ní a tosaíodh agus nár críochnaíodh, tar éis an lánscor, a mhéid a bhaineann le feidhm a thugtar d'Údarás Eitlíochta na hÉireann, agus forálacha maidir le dliteanas i leith caillteanas (lena n-áirítear éilimh ar chaillteanas nó díobháil) a tharla roimh dháta an lánscor. Toisc gur aistríodh a chuid feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais go léir chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann, ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn gnóthais leantaigh.

### j) Sochair Fostaí

Sochair Gearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa tréimhse, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na tréimhse san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir
D'fheidhmigh an Coimisiún scéimeanna maoinithe sochair scoir sainithe ranníocacha faoi Ailt 20 agus 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. D'fhaomh an tAire Iompair agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scéimeanna aoisliúntais an Choimisiúin i mí an Mheithimh 2015. Cuimsíonn an muirear sochair scoir sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha agus costas úis dhliteanais na scéime. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach don tréimhse ina dtarlaíonn siad. Tomhaiseadh sócmhainní scéime Sochair Scoir ag luach cóir. Rinneadh dliteanais scéime Sochar Scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta. Léirítear barrachas dliteanais scéime thar shócmhainní scéime ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanas.

Chuaigh fostaithe nua, nach iarbhaill de scéim aoisliúntais na seirbhíse poiblí iad, isteach sa Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ón 1ú Eanáir 2013. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne tarchurtha chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa tréimhse chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus aon mhaoiniú gaolmhar agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Rinneadh dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonad réamh-mheasta.

### k) Bannaí Gnó na Taistil agus an Ciste um Chosaint Taistealaithe

Aistríodh an fhreagracht as ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riaradh de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982 arna leasú, ón Roinn Fiontar Poiblí (ag an am) chuig an gCoimisiún ar a lá bunaithe, is e sin an 27ú Feabhra 2001. Aistríodh an fhreagracht seo chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an 1ú Bealtaine 2023.

Coinníodh airgead arna thaisceadh mar bhannaí airgid ag gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas de bhun Alt 13 den Acht sin i gcuntais bhainc ar leith faoi rialú an Choimisiúin. Rinne an Coimisiún íocaíochtaí de bhun éileamh a rinneadh ar na bannaí de réir mar a tháinig siad chun cinn. Déantar iarmhéideanna neamhchaite ar chuntais bannaí amhail an 30ú Aibreán 2023 a chuntas mar chreidiúnaithe.

Bunaíodh an Ciste um Chosaint Taistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982 chun soláthar a dhéanamh d'aon easnamh ar bhannaí taistil maidir le caillteanais nó dliteanais arna dtabhú ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a chlúdach.

Ba é an Coimisiún a riar na cuntais bannaí agus an Ciste agus aisíocadh a speansais as na bannaí nó as an gCiste faoi théarmaí Acht 1982. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do na cuntais bannaí ar a dtugtar agus don Chiste um Chosaint Taistealaithe agus rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu freisin.

### l) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach ioncam gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitil.

### m) Airgeadraí Eachtracha

Aistríodh idirbhearta a bhí ainmnithe in airgeadraí eachtracha a bhaineann le hioncam agus costais go Euro ag na rátaí malairte a bhí i réim ar na dátaí ar ar tharla na hidirbhearta.

### n) Breithiúnais agus Meastacháin Suntasacha

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais don bhainistíocht breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh. Áirítear ar na míreanna sna ráitis airgeadais ina ndearnadh na breithiúnais agus na meastacháin seo:

### o) Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar na toimhdí is bun leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí ráta básmhaireachta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus choinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iar-scoir.

Is féidir leis na toimhdí a bheith faoi thionchar:
(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
(ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo; agus
(iii) rátaí treochta costas cúram sláinte, ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. IONCAM

Fuair an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá phríomhfhoinse, ioncam tobhaigh agus ioncam ó tháillí ceadúnais gnó na taistil.

### Ioncam Tobhaigh

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001 tugadh de chumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta rialacháin a dhéanamh ag socrú le haghaidh tobhaigh a ghearradh. Ba é cuspóir na dTobhaigh ná costais agus speansais an Choimisiúin a sheas. Féach Nóta 15.

### Táillí Cheadúnais & Ioncam Eile

Faoi Alt 12 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982 tugadh de chumhacht don Choimisiún ceadúnais a eisiúint agus táillí a ghearradh ar an Tionscal Gnó na Taistil. Cuimsíonn ioncam eile baill foirne atá ar iasacht don ÚEÉ le haghaidh obair a bhaineann le cumasc (€101,905) agus Ioncam TPF (€6,281).

## 3. CAITEACHAS

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| Costas Foirne | | 694,625 | | 1,841,730 |
| Costas Sochar Scoir lena n-áirítear riarachán agus coigeartú FRS | | 121,814 | | 420,231 |
| Comhairleacht | | 83,024 | | 1,181,925 |
| Táillí Dlíthiúla | | 99,046 | | 149,440 |
| Cíos | | 99,500 | | 298,500 |
| Comhordú Sliotán | | 117,909 | | 284,901 |
| Costais Oibriúcháin: | | | | |
| Fógraíocht & Caidreamh Poiblí | 13,461 | | 20,956 | |
| Taisteal & Maireachtáil | 3,618 | | 12,167 | |
| Comhdhálacha | 3,324 | | 4,003 | |
| Oiliúint & Earcaíocht | 9,523 | | 22,257 | |
| Táille Iniúchóireachta | 13,750 | | 14,500 | |
| Táillí an Choiste Iniúchóireachta & Riosca | 1,972 | | 8,395 | |
| Iniúchadh Inmheánach | 4,398 | | 19,637 | |
| Cothabháil Gréasáin | 9,273 | | 26,636 | |
| Glanadh | 4,877 | | 17,442 | |
| Leictreachas | 3,491 | | 5,948 | |
| Cothabháil Oifige | 2,775 | | 5,557 | |
| Árachas | 22,221 | | 65,176 | |
| Stáiseanóireacht Oifige | 1,510 | | 8,108 | |
| Postas & Carraeireacht | 1,312 | | 4,390 | |
| Teileafón | 3,818 | | 12,881 | |
| Dímheas & Caillteanas ar Dhiúscairtí | 12,771 | | 37,251 | |
| Táille Sheirbhíse | 25,512 | | 67,644 | |
| Rátaí | 9,392 | | 27,658 | |
| Costais Stórála | 1,083 | | 7,020 | |
| Táillí Gairmiúla Riaracháin | 3,967 | | 13,961 | |
| Tacaíocht TF na hOifige | 16,646 | | 47,857 | |
| Bogearraí | 7,143 | | 36,168 | |
| Feistiú Oifige | 75,000 | | 4,291 | |
| Eile | 6,340 | 257,177 | 28,667 | 518,570 |
| **Iomlán** | | **1,473,095** | | **4,695,297** |

## 4. LUACH SAOTHAIR

### (a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | 584,226 | 1,571,843 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra le haghaidh leas sóisialach | 61,095 | 163,520 |
| Foireann Ghníomhaireachta | 49,304 | 106,367 |
| | 694,625 | 1,841,730 |
| Costais sochair scoir | 121,814 | 420,231 |
| | 816,439 | 2,261,961 |

Ba é líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag deireadh na tréimhse ná 22 (2022: 23).

### (b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 584,226 | 1,571,843 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| | **584,226** | **1,571,843** |

### (c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear leis an bpríomhbhainistíocht an Leas-Choimisinéir agus triúr bainisteoirí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | **185,319** | **512,232** |
| Liúntais | **-** | **-** |
| Sochair foirceanta | **-** | **-** |
| Árachas Sláinte | **-** | **-** |
| | **185,319** | **512,232** |

Ní chuimsítear leis seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Ba bhaill de Scéim Pinsin an Choimisiúin nó de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí na príomhphearsanra bainistíochta.

Ón 1ú Eanáir 2019 ar aghaidh, d'íoc baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (RAB) ag eascairt as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020) agus Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. Asbhaineadh RAB de €4,973 (2022 : €54,157) ó thuarastail na foirne agus íocadh é leis an Roinn Iompair do 2023.

Le linn 2023, rinneadh asbhaintí a bhain le sochar scoir de €27,454 (2022: €77,564) ón bhfoireann agus íocadh iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (SPASP) agus Beatha na hÉireann (scéim pinsin CAR).

### (d) Tuarastal agus Sochair na gCoimisinéirí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 60,860 | 170,239 |
| | **60,860** | **170,239** |

Léiríonn na figiúirí tuarastal an Leas-Choimisinéara a bhí ag gníomhú in ionad an Choimisinéir. Bhí an Coimisinéir agus na Leas-Choimisinéirí ina mbaill de scéim aoisliúntais CAR. Ní théann a dteidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláireach seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas.

## 5. MAOIN, TREALAMH, GLÉASRA AGUS BOGEARRAÍ

| | Office Equipment | Furniture & Fittings | Computer Equipment | Software | Total |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Costas ag tús na tréimhse | 4,738 | 106,793 | 164,550 | 401,204 | 677,285 |
| Breiseanna sa tréimhse | - | - | 6,004 | - | 6,004 |
| Diúscartha sa tréimhse | - | - | - | - | - |
| Ag deireadh na tréimhse | 4,738 | 106,793 | 170,554 | 401,204 | 683,289 |
| | | | | | |
| Dímheas carntha | | | | | |
| ag tús na tréimhse | 1,264 | 95,036 | 78,263 | - | 174,563 |
| Muirear don tréimhse | 158 | 1,342 | 11,271 | - | 12,771 |
| Diúscartha sa tréimhse | - | - | - | - | - |
| Ag deireadh na tréimhse | 1,422 | 96,378 | 89,534 | - | 187,334 |
| Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31ú Nollaig 2022 | 3,474 | 11,757 | 86,287 | 401,204 | 502,722 |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 30ú Aibreán 2023** | **3,316** | **10,415** | **81,020** | **401,204** | **495,955** |

Tabhair faoi deara: ní raibh na bogearraí a bhí á bhforbairt in úsáid amhail an 30ú Aibreán 2023, mar sin níor gearradh aon dímheas.

## 6. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntais Bhainc - Cuntais Bannaí Gnó na Taistil | 35,779,012 | 34,806,242 |
| Cuntas Bainc - An Ciste Cosanta Taistealaithe | 103,764 | 33,330 |
| | 35,882,776 | 34,839,572 |
| Cuntas Bainc - C/S Reatha CAR | 2,126,463 | 289,491 |
| Cuntas Bainc – C/S Taisce Phrapéilimh CAR | 1,018,737 | 1,518,737 |
| | | |
| Cuntas Bainc – C/S Taisce Phrapéilimh CAR | 893,529 | 893,529 |
| Mionairgead | 114 | 117 |
| | **39,921,619** | **37,541,446** |

Is suimeanna airgid iad Cuntais Banna Gnó na Taistil a chuirtear i dtaisce in ainm an Choimisiún um Rialáil Eitlíochta gur féidir a iarraidh ar i gcás mainneachtana ag Tionscnóirí Turais nó Gníomhairí Taistil gaolmhara. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-airgead seo a úsáid chun críche ar bith eile. Cuirtear an t-airgead seo ar ais chuig an Soláthraí Bannaí mura bhfuil gá leis. Mar sin, taispeántar an dliteanas comhfhreagrach mar Chreidiúnaí: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

## 7. INFHÁLTAIS & RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais | 100,074 | 132,798 |
| Réamhíocaíochtaí | 189,671 | 97,162 |
| | 289,745 | 229,960 |

## 8. INÍOCTHACHA & FABHRUITHE A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe | 167,069 | 85,003 |
| Ioncam iarchurtha | 1,175,240 | - |
| Iníocthacha - Táillí Sainchomhairleoireachta | 115,726 | 279,261 |
| - Athbhreithniú breithiúnach | 56,488 | - |
| - ÍMAT/ÁSPC na gCoimisinéirí Ioncaim | 64,319 | 48,673 |
| - CBL na gCoimisinéirí Ioncaim | 11,043 | 16,799 |
| - CSG na gCoimisinéirí Ioncaim | 21,765 | 27,271 |
| - Eile | 83,791 | 192,492 |
| | 1,695,441 | 649,499 |

## 9. CUNTAS CAIPITIL

| | 2023 | 2023 | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid ar an 1ú Eanáir | | | | |
| Aistriú ón Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 502,722 | | 319,486 |
| An méid a scaoileadh ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | - | | - | |
| Cistí a leithdháiltear chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | 6,004 | | 220,487 | |
| Méid amúchta ag teacht le dímheas sócmhainne | (12,771) | | (37,251) | |
| Glanmhéid le haistriú | | (6,767) | | 183,236 |
| Iarmhéid ar an 30ú Aibreán | | 495,955 | | 502,722 |

## 10. SOCHAIR SCOIR

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **a) Costais an tSochair Scoir** | € | € |
| Costas seirbhíse reatha | 58,333 | 254,000 |
| Glanchostas Úis | 12,109 | 30,393 |
| Lúide Ranníocaíochtaí Fostaithe | (12,510) | (35,934) |
| | 57,932 | 248,459 |
| Táillí riaracháin agus achtúireacha | 26,374 | 57,481 |
| **Muirear Oibriúcháin Iomlán** | 84,306 | 305,940 |

**b i) Glandliteanas sochair scoir**

| | | |
|---|---|---|
| Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe | 5,924,401 | 6,271,694 |
| Luach cóir shócmhainní scéime | 5,503,319 | 5,272,860 |
| **Glandliteanas (sócmhainn)** | 421,082 | 998,834 |

| | | |
|---|---|---|
| **b ii) Luach reatha oibleagáidí scéime ag Tús na tréimhse** | 6,271,694 | 8,253,269 |
| Costas seirbhíse reatha | 58,333 | 254,000 |
| Costas úis | 75,610 | 125,704 |
| Caillteanais/(Gnóthachain) Taithí | (17,260) | 303,228 |
| Athruithe ar Thoimhdí | (429,071) | (2,567,943) |
| Caillteanais/(Gnóthachain) Seirbhíse san am atá caite | - | - |
| Aistrithe Isteach | - | - |
| Préimheanna íoctha | - | - |
| Sochair íoctha | (34,905) | (96,564) |
| **Luach reatha oibleagáidí scéime ag deireadh na tréimhse** | 5,924,401 | 6,271,694 |

## 10. SOCHAIR SCOIR (continued)

| b iii) Athrú ar shócmhainní scéime | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní scéime ag tús na tréimhse | 5,272,860 | 6,301,778 |
| Aisíoc ionchais | 63,501 | 95,311 |
| Aisíoc Iarbhír lúide ioncam úis | 129,067 | (1,228,924) |
| Socruithe | - | - |
| Ranníocaíochtaí an Fhostaithe | 12,510 | 35,934 |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | 60,286 | 165,325 |
| Sócmhainní faighte | - | - |
| Préimheanna íoctha | - | - |
| Sochair íoctha | (34,905) | (96,564) |
| **Luach cóir shócmhainní scéime ag deireadh na tréimhse** | 5,503,319 | 5,272,860 |

| b iv) Glan-ús ar dhliteanais scéime pinsin | | |
|---|---|---|
| Costas ús ar dhliteanas | (75,610) | (125,704) |
| Gnóthachan úis ar shócmhainní | 63,501 | 95,311 |
| Glan-ús ar dhliteanais scéime pinsin | (12,109) | (30,393) |

Cuirtear an cleachtas reatha chun sochair scoir a mhéadú i gcomhréir le boilsciú praghais san áireamh agus an oibleagáid sochair shainithe á thomhas.

### c) Cur síos ar an scéim agus ar toimhdí achtúireacha

Socrú sochair scoir tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an scéim sochair scoir le sochair sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha "eiseamláireacha" scéim na hearnála poiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochta fostóirí ag féachaint do chomhairle achtúireach agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (aon ochtdéagú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtdéagú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an chomhalta. De ghnáth méadaíonn sochair scoir atá á n-íoc (agus iarchur) de réir boilsciú praghais.

Ba iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh ná:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.8% | 3.6% |
| Méaduithe tuarastail | 3.0% | 3.15% |
| Ráta Méadaithe Pinsin | 2.5% | 2.65% |
| Méaduithe boilsciú | 2.5% | 2.65% |

Socraítear toimhdí maidir le taithí básmhaireachta sa todhchaí bunaithe ar thláblaí básmhaireachta foilsithe (PML002/PFL00) a ullmhaíonn an Biúró um Imscrúdú Básmhaireachta Leanúnach don ghairm achtúireach. Tá na toimhdí básmhaireachta a roghnaítear bunaithe ar gnáth-thláblaí a léiríonn gnáth-básmhaireacht pinsinéirí agus ceadaíonn siad le haghaidh ionchas saoil méadaithe le himeacht ama.

Chuimsigh sócmhainní na scéime ag deireadh na tréimhse:

| Aois Reatha | Ionchas Saoil na bhFear ag 65 | Ionchas Saoil Mná ag 65 |
|---|---|---|
| 45 | 24.4 bliain | 26.5 bliain |
| 65 | 21.9 bliain | 24.4 bliain |

Chuimsigh sócmhainní na scéime ag deireadh na tréimhse:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | 2,664,564 | 2,543,650 |
| Bannaí | 1,764,328 | 1,731,898 |
| Eile | 1,018,621 | 941,333 |
| Airgead Tirim | 55,806 | 55,979 |
| Luach Margaidh na Sócmhainní | 5,503,319 | 5,272,860 |
| Aisíoc Ionchais | 3.8% | 3.6% |

Agus an ráta fáltais ionchasach fadtéarmach ar thoimhde sócmhainní á fhorbairt, tugadh aird ar an leibhéal reatha aisíocaí ionchais ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na biseach riosca a bhaineann leis na haicmí sócmhainní eile ina bhfuil an phunann infheistithe agus na hionchais maidir le aisíocaí ó gach aicme sócmhainní. Rinneadh an aisíocaí ionchais do gach aicme sócmhainní a ualú ansin bunaithe ar an sprioc-leithdháileadh sócmhainní chun an ráta fadtéarmach ionchais ar thoimhde sócmhainní a fhorbairt don phunann.

### d) Stair oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus taithí gnóthachain agus caillteanais

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 5,924,401 | 6,271,694 | 8,253,269 | 5,707,572 |
| Luach cóir shócmhainní scéime | 5,503,319 | 5,272,860 | 6,301,778 | 4,085,083 |
| Easnamh don scéim mhaoinithe | 421,082 | 998,834 | 1,951,491 | 1,622,489 |
| Taithí (gnóthachain)/caillteanais ar dhliteanais scéime | (17,260) | 303,228 | 730,929 | 16,841 |
| An céatadán de dhliteanais scéime | -0.3% | 4.8% | 8.9% | 0.3% |

### e) Sochair scoir a mhaoiniú

Tá scéim phinsin shochair shainithe an Choimisiúin glactha ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

f) Tá an fhaisnéis ar shochair scoir curtha i láthair ag teacht leis na ceanglais nochtaithe a éilítear faoi CTA 102. Ba é an 22ú Bealtaine 2023 an dáta ar an tuarascáil luachála achtúireach is déanaí maidir leis an tréimhse dar críoch 30ú Aibreán 2023.

## 11. SOCHAIR SCOIR—COMHALTAÍ SPASP

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **a) Costais an tSochair Scoir** | **€** | **€** |
| Costas seirbhíse reatha | 20,449 | 88,378 |
| Glanchostas Úis | 13,662 | 6,321 |
| Lúide Ranníocaíochtaí Fostaithe | (14,974) | (41,679) |
| | 19,137 | 53,020 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | (19,137) | (53,020) |
| Ranníocaíocht an Fhostóra | 37,508 | 114,291 |
| Muirear Oibriúcháin Iomlán | 37,508 | 114,291 |

**b) Gluaiseacht i nGlandhliteanas Sochar Scoir le linn na tréimhse airgeadais**

| | | |
|---|---|---|
| Glandliteanas amhail an 1ú Eanáir | 379,509 | 421,397 |
| Costas seirbhíse reatha | 20,449 | 88,378 |
| Costais úis | 13,662 | 6,321 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | (42,739) | (136,587) |
| Sochar scoir íoctha sa tréimhse | - | - |
| **Luach Deiridh** | 370,881 | 379,509 |

**c) Maoiniú Sochar Scoir Iarchurtha**

D'fheidhmigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta an Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin arna gceapadh ar an 1ú Eanáir 2013 nó dá éis. Íocadh ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). D'aithin an Coimisiún sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh Sochair Scoir ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Aithnítear an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir amhail an 30ú Aibreán 2023 agus €370,881 (2022: €379,509).

Toisc gur comhlacht leathstáit é Údarás Eitlíochta na hÉireann, ní raibh comhaltaí Scéim Pinsin Aonair an Choimisiúin ar ghlac an tÚdarás a gconarthaí fostaíochta ar an 1ú Bealtaine 2023 i dteideal fanacht san SPASP a thuilleadh. Tá scéim leis na rialacha céanna leis an SPASP cruthaithe ag an Údarás do na fostaithe seo. Ar an 1ú Bealtaine 2023 déantar comhaltaí iarchurtha den SPASP iad bunaithe ar a ranníocaíochtaí go dtí an 30ú Aibreán 2023.

**d) Cur síos ar an Scéim agus Toimhdí Achtúireacha**

Soláthraíonn an Scéim Aonair pinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é 66 bliain d'aois an aois íosta pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois an phinsin Stáit). Áiríonn sé saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin in íocaíocht de réir praghasinnéacs tomhaltóirí. Tá na toimhdí airgeadais ábhartha leagtha amach i nóta 10 (c) thuas.

## 12. CAIPITEAL AGUS CEANGALTAIS EILE

Bhí ceangaltais chaipitil de €740,000 ag an gCoimisiún maidir le digitiú na gcóras Gnó na Taistil, Cearta Aerphaisinéirí agus Aercheadúnaithe & Seirbhísí ar an Talamh a bhí ar bun ag an dáta tuairiscithe. Níl aon ghealltanais eile ag an dáta tuairiscithe. Ghlac an tÚdarás na ceangaltais seo ar an 1ú Bealtaine 2023.

## 13. OPERATING LEASE COMMITMENTS

Tá ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin chun cíosanna a íoc le linn na tréimhse tar éis thréimhse na Ráiteas Airgeadais seo a thabhairt sa tábla thíos, arna anailísiú de réir na tréimhse ina dtéann an léas in éag.

| Cuimsíonn oibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin | | |
|---|---|---|
| Talamh agus foirgnimh | **2023** | **2022** |
| Dul in éag laistigh de 1 bhliain | 298,500 | 298,500 |
| Dul in éag tar éis 1 bhliain ach nach mó ná 5 bliana | 646,750 | 746,250 |

Tá léasacht ar an 3ú hUrlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2. Téann an léas in éag ar an 30ú Meitheamh 2026. Tá cíos iníoctha go ráithiúil roimh ré. Ba é an léas a íocadh sna ceithre mhí go dtí an 30ú Aibreán 2023 ná €99,500.

## 14. BARRACHAS NÓ EASNAMH

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugadh de chumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta rialacháin a dhéanamh a fhorálann do Thobhach a ghearradh. Ba é cuspóir an Tobhaigh ná costais agus speansais an Choimisiúin a sheas. Tugtar aon bharrachas nó easnamh in aon bhliain amháin ar aghaidh agus cuirtear san áireamh é agus tobhaigh amach anseo á socrú. Foráladh do Thobhach 2023 trí Ionstraim Reachtúil 643/2022 Rialacháin an Achta um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhach Uimh. 23), 2022.

## 15. DEARBHÚ LEASANNA—COIMISINÉIR AGUS FOIREANN

Chomhlíon an Leas-Choimisinéir agus an fhoireann ceanglais Alt 17 (Dearbhú Leasa) den Acht um an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ní raibh aon idirbhearta sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh leas ag an Leas-Choimisinéir.

## 16. ATHSTRUCHTÚRÚ

I mí Mheán Fómhair 2017, d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ráiteas Beartais ar Tháillí Aerfoirt. Leagtar amach sa Ráiteas Beartais seo beartas athbhreithnithe an Rialtais maidir leis an mbealach a rialaítear táillí aerfoirt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Sa doiciméad sin, beartaíodh go ndéanfaí feidhmeanna rialála agus sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann a chumasc le feidhmeanna rialála agus cosanta tomhaltóirí an Choimisiúin. Achtaíodh an tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022 a rinne foráil don chumasc seo i mí na Nollag 2022. Lánscor an Coimisiún go foirmiúil mar thoradh ar an gcumasc. Rinneadh an lánscor seo le hOrdú ón Aire agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1ú Bealtaine 2023 faoi Acht 2022.

## 17. IMEACHTAÍ TAR ÉIS DEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Lánscor an Coimisiún ar an 1ú Bealtaine 2023 agus aistríodh a fheidhmeanna chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann mar a fógraíodh leis an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022. Mar sin féin, toisc gur aistríodh sócmhainní agus dliteanais an Choimisiúin chuig an ÚEÉ, meastar go bhfuil sé iomchuí tuairisciú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 18. APPROVAL OF FINANCIAL STATEMENTS

D'fhaomh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Eitlíochta na hÉireann na ráitis airgeadais seo ar an 19ú Deireadh Fómhair 2023.

# Nótaí



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
3ú hUrlár, 6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: +353 1 6611700
R-phost: info@aviationreg.ie